

An Garda Síochána



Treoirínite Choimisinéir an Gharda Síochána maidir le Feidhm agus Oibriúchán Praiticiúil Achtanna na nArm Tine, 1925-2009.

Arna eisiúint i gcomhréir le halt 3A d'Acht na nArm Tine, 1925, arna chur isteach ag alt 31 an Achta um Cheartas Coiriúil, 2006.

Ráiteas Misin / Mission Statement

Seirbhísí gairmiúla póilíneachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastalaímid

To deliver professional policing and security services with the trust, confidence and support of the people we serve

RÉAMHRÁ


Déantar foráil le halt 3A d'Acht na nArm Tine, 1925, gur féidir le Coimisinéir na nGardaí, le toiliú an Aire, Treoirlínte a eisiúint ó am go ham maidir le feidhm agus oibriúchán aon fhoráil d'Achtanna na nArm Tine 1925 go 2009, nó maidir le haon rialachán a dhéantar faoi aon fhoráil de na hAchtanna sin. Is féidir leis an gCoimisinéir Treoirlínte maidir le hiarratais ar dheimhnithe agus údaruithe arm tine faoin Acht seo a eisiúint freisin, chomh maith leis na coinníollacha a d'fhéadadh bheith ceangailte leis na deimhnithe agus údaruithe sin.

Is é seo an chéad uair a rinneadh Treoirlínte Choimisinéir na nGardaí a nuashonrú ó eisíodh an doiciméad bunaidh den chéad uair ar 4 Meán Fómhair 2009. Eisíodh na Treoirlínte sin i ndiaidh chur i bhfeidhm na reachtaíochta a thug athruithe tábhachtacha isteach maidir le ceadúnú na n-arm tine sa tír seo ar 1 Lúnasa 2009. Leagtar amach sna Treoirlínte seo i dtéarmaí praiticiúla, agus chun leasa chomhaltaí an Gharda Síochána agus an phobail, conas is féidir reachtaíocht maidir le haim thine, ar réimse casta é sin, a chur i bhfeidhm. Ba cheart an doiciméad seo a léamh i bpáirtíocht le reachtaíocht arm tine.

Ní mór a rá gur doiciméad 'Dea-Chleachtas' é an doiciméad seo. Beidh ardcheannfoirt agus ceannfoirt in ann dul i muinín an doiciméid seo agus iarratais ar dheimhnithe arm tine á measúnú acu laistigh dá Rannáin nó Ceantair. Breathnaítear air mar dhoiciméad a chabhraíonn le cur i bhfeidhm Achtanna na nArm Tine 1925 go 2009. Ba cheart d'Oifigigh Rannáin agus Ceantair a áirithiú go bhfuil pearsanra atá faoina gceannas go hiomlán ar an eolas faoi ábhar an doiciméid seo, go háirithe iad siúd a gcuirtear de chúram orthu iarratais nua agus iarratais le deimhnithe arm tine a athnuachan a phróiseáil.

De dhroim riachtanais, d'fhéadfaí go n-athrófaí nó go nuashonrófaí na treoirlínte seo a thuilleadh, de réir mar is cuí, chun forálacha reachtaíochta a chur san áireamh nuair a achtaítear iad, chomh maith le cásdlí atá ag teacht chun cinn a chur san áireamh.

Táim thar a bheith buíoch don fhoireann d'Fhorbairt Beartais, Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht, Ceanncheathrú an Gharda, as an saineolas, eolas agus scileanna a léirigh siad le linn an doiciméad seo a chur le chéile.



J. A. Harris

COIMISINÉIR AN GHARDA SÍOCHÁNA

28

MEÁN

FÓMHAIR

2018

Ráiteas Misin / Mission Statement

Seirbhísí gairmiúla póilíneachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastalaímid

To deliver professional policing and security services with the trust, confidence and support of the people we serve

TREOIRLÍNTE AN CHOIMISINÉARA

CLÁR ÁBHAIR

RÉAMHRÁ.....	2
CLÁR ÁBHAIR.....	3
CAIBIDIL 1: RÉAMHRÁ.....	6
FORBAIRTÍ REACHTAÍOCHTA.....	6
NA TREOIRLÍNTE.....	6
PRÓISEAS IARRATAIS — ÉIFEACHT DEIMHNITHE ARM TINE.....	8
ATHNUACHAINTÍ DEIMHNITHE ARM TINE.....	9
ARM TINE ATÁ SRIANTA NÓ NACH bhFUIL SRIANTA?.....	10
RIACHTANAIS LE COMHLÍONADH I gCÁS IARRATAIS AR DHEIMHNITHE ARM TINE SRIANTA AGUS NEAMHSHRIANTA ARAON.....	11
Riachtanais Bhreise i gCás Iarratais ar Dheimhniú arm tine srianta agus Srian ar Cheadúnú Arm Tine Gearra.....	13
DEIMHNIÚ OILIÚNA IN ÚSÁID ARM TINE.....	13
CUR IN IÚL AN CHINNIDH MAIDIR LE DEIMHNIÚ ARM TINE A CHEADÚ.....	14
DIÚLTAITHE - CINNTÍ RÉASÚNTA.....	14
ACHOMHARC A DHÉANAMH MAIDIR LE CEADÚ DEIMHNITHE ARM TINE.....	15
CÚLGHAIRM DE DHEIMHNIÚ ARM TINE AGUS DÍOL NÓ DIÚSCAIRT.....	16
CAIBIDIL 3: COINNÍOLLACHA AR FÉIDIR BREATHNÚ ORTHU MAR ÁBHARTHA AGUS DEIMHNIÚ ARM TINE Á CHEADÚ, AGUS CÁSDLÍ.....	18
SEALBHÚ, ÚSÁID AGUS IOMPAR AIRM THINE NÓ ARMLÓIN GAN SÁBHÁILTEACHT PHOIBLÍ NÁ AN tSÍOCHÁIN A CHUR I mBAOL.....	19
CÚIS MHAITH A MHEASÚNÚ.....	20
Cúis mhaith le harm tine a fháil, arm tine a mbaineann an deimhniú ina leith.....	20
Breithiúnas McCarron.....	20
CAIBIDIL 4: CLUBANNA PIOSTAIL AGUS RAIDHFIL AGUS RAON LÁMHAIGH.....	23
ÚDARÚ CLUBANNA PIOSTAIL AGUS RAIDHFIL AGUS RAONTA LÁMHAIGH LE hAGHAIDH LÁMHACH TARGAIDÍ.....	23
CEAD PLEANÁLA DO RAONTA LÁMHAIGH.....	26
IDIRCHADREAMH GARDA LE CLUBANNA ÁITIÚLA GUNNA.....	26
CALABRA AGUS DÉANAMH ARM TINE AGUS TREOIR MAIDIR LE hOIRIÚNACHT ÚSÁIDE.....	26

AIRM THINE ATÁ OIRIÚNACH DO LÁMHACH TARGAIDÍ AGUS LÁMHACH CRÉCHOLÚR - TREOIR MAIDIR LE CINEÁL AGUS CALABRA	27
Raidhfíli.....	27
Piostail.....	27
Gránghunnaí.....	27
Airm Thine a Chur ag Nialas	28
CAIBIDIL 5: DÉILEÁLAI THE CLÁRAITHE ARM TINE AGUS GAIRIS BHOG-AEIR ('AIRSOFT') - AIRM THINE RÉALAÍOCHA BHRÉIGE.....	29
DÉILEÁLAI THE CLÁRAITHE ARM TINE	29
AIRSOFT — AIRM THINE RÉALAÍOCHA BHRÉIGE	29
CAIBIDIL 6: ÚSÁID THAR LEAR AGUS IARRATAIS NEAMHCHÓNAITHEACH AR DHEIMHNITHE ARM TINE	31
ÚSÁID THAR LEAR	31
PAS ARM TINE EORPACH.....	31
NEAMHCHÓNAITHEOIRÍ.....	32
EASPÓRTÁIL BHUAN ARM TINE AG DUINE A CHÓNAÍONN IN ÉIRINN... ..	32
CAIBIDIL 7: ILGHNÉITHEACH.....	34
ARMLÓN — MÉIDEANNA SONRAITHE I nDHEIMHNITHE ARM TINE.....	34
CROSBHOZHANNA.....	34
LÁMHACH AR AN TALAMH	36
SPEICIS BHEAGA CHAIRÉIL A SCAOILEADH, SPEICIS LOTNAIDE AGUS GHÉIM INA MEASC	36
Gníomhaíocht Lámhaigh a Cheannach	37
Marú Daonnachtúil Ainmhithe	37
Ainmhithe Eile	37
Fia.....	37
Sionnaigh.....	37
Marú	38
LÉIRIÚ AMHARCLANNAÍOCHTA	38
AINMHITHE A CHÓIREÁIL.....	38
BAILITHEOIRÍ.....	38
AIRM THINE LE hAGHAIDH COSAINT PHEARSANTA	39
SEALGAIREACHT	39
Raidhfíli — Sealgaireacht Fia	39
Raidhfíli — Sionnaigh a chuileáil.....	39
Raidhfíli - Coiníní srl.	39

AGUISÍN A: DAOINE GAN TEIDEAL ACU ARM TINE A BHEITH AR SEILBH ACU.....	40
AGUISÍN B: FIOSRUITHE LEIGHIS AGUS MOLTÓIRÍ	42
TOILIÚ LE FIOSRUITHE LEIGHIS	42
EOLAS MAIDIR LE MOLTÓIRÍ.....	42
AGUISÍN C: AIRM THINE A STÓRÁIL GO SÁBHÁILTE	44
AIRM THINE ATÁ I SEILBH DHLÍTHIÚIL A STÓRÁIL GO SÁBHÁILTE	44
COMHSHEILBH NÓ COMHCHEADÚNÚ.....	45
AGUISÍN D: ÚDARUITHE FAOI ACHTANNA NA nARM TINE	46
ÚDARUITHE	46
AIRM THINE DHÍGHNÍOMHACHTAITHE	46
GUNNAÍ CLUB/RAOIN.....	47
TOSTÓIRÍ/CIÚNADÓIRÍ/TREORACHA TEILEASCÓPACHA - TREOIRLÍNTE MAIDIR LENA N-ÚSÁID	47
AGUISÍN E: MALARTUITHE & DIÚSCAIRT ARM TINE	49
MALARTUITHE.....	49
CEALAIGH/ATHRAIGH	51
BAIRILLE SPÁRTHA/ATHSHOLÁTHAIR	51
SCRIOSADH ARM TINE NACH bhFUIL DE DHÍTH ATÁ I SEILBH AG AN nGARDA SÍOCHÁNA	51
CONCLUÍD	52

CAIBIDIL 1: RÉAMHRÁ

Is é príomhchuspóir an doiciméid seo treoir choiteann a thabhairt don Gharda Síochána agus an pobal araon, treoir a bhaineann le feidhm agus oibriúchán praiticiúil fhorálacha Achtanna na nArm Tine 1925 go 2009.

FORBAIRTÍ REACHTAÍOCHTA

Achtaíodh athruithe móra ar reachtaíocht maidir le ceadúnú arm tine san Acht um Cheartas Coiriúil 2006 agus an tAcht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009. Tá forbairtí tábhachtacha ó thaobh cásdlí de tagtha chun cinn le blianta beaga anuas. Luaitear an cásdlí seo go minic sna Treoirlínte seo mar is féidir le cásdlí feidhmiú ceart an dlí a shoiléiriú. Mar shampla, baineann sé seo ach go háirithe leis na coinníollacha a d'fhéadfadh cur san áireamh agus deimhniú arm tine á cheadú.

Ní mór a rá nach ráiteas ar an dlí na Treoirlínte seo; seachas sin, soláthraíonn siad míniú comhghreamaitheach ar cheadúnú arm tine, ar réimse casta é, agus ba cheart iad a léamh i bpáirtíocht le reachtaíocht arm tine, go háirithe reachtaíocht atá san Acht um Cheartas Coiriúil, 2006 agus an tAcht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 agus na hIonstraimí Reachtúla ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas. Anuas air sin, má dhéantar tagairt don dlí sna Treoirlínte is léir go ndéantar tagairt don dlí mar a bhí sé agus na Treoirlínte seo á scríobh agus tá sé thar a bheith tábhachtach go bhféachann léitheoirí ar an reachtaíocht agus cásdlí is déanaí.

NA TREOIRLÍNTE

Tugann alt 3A d'Acht na nArm Tine, 1925, arna chur isteach ag alt 31 an Achta um Cheartas Coiriúil, 2006 cumhacht do Choimisinéir an Gharda Síochána, le toiliú an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Treoirlínte a eisiúint ó am go ham maidir le feidhm agus oibriúchán praiticiúil aon fhoráil Achtanna na nArm Tine 1925 go 2009, nó maidir le haon rialachán a dhéantar faoi aon fhoráil de na hAchtanna sin. Go háirithe, féadfar go mbainfear na Treoirlínte sin le hiarratais ar dheimhnithe agus údaruithe arm tine agus na coinníollacha a d'fhéadfadh ceangal leis na deimhnithe agus údaruithe sin, agus is sa chomhthéacs sin a eisítear an doiciméad seo. Go ginearálta, tá an Garda Síochána freagrach as airm thine agus armlón atá i seilbh dhlíthiúil a cheadúnú agus a údarú. Is é an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais go príomha atá freagrach as próisis a bhaineann le hairm thine agus armlón a iompórtáil agus easpórtáil, chomh maith le clár de dhéileálaithe arm tine a choimeád.

Agus an reachtaíocht um cheadúnú arm tine á feidhmiú aige, tabharfaidh an Garda Síochána aird ar an ngá atá ann a ndualgais Cearta Daonna a chomhlíonadh, agus tabharfar eolas agus treoir dóibh maidir leis seo ag ár gCód Eitice. Baineann na dualgais seo le hiarratasóirí aonair agus an pobal i gcoitinne araon.

Agus an córas ceadúnaithe á oibriú acu, beidh sé mar aidhm ag an nGarda Síochána seirbhís a sholáthar a éascaíonn próiseáil éifeachtúil na n-iarratas ar fad a bhaineann le deimhnithe arm tine, údaruithe arm tine, srl., fad a chinntíonn siad go bhfuil sábháilteacht an phobail an rud is tábhachtaí an t-am ar fad. Tá ceannfoirt agus ardcheannfoirt an Gharda Síochána freagrach, ar deireadh thiar, as reachtaíocht arm tine ina gCeantair agus Rannáin a riar, agus beidh siad ina *personae designate* go fóill

Ráiteas Misin / Mission Statement

Seirbhísí gairmiúla póilíneachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastalaímid
To deliver professional policing and security services with the trust, confidence and support of the people we serve

faoi Achtanna na nArm Tine 1925 go 2009. Déanfar gach iarratas a mheas ar a chuid buanna aonair de réir an dlí.

Ní mór do gach duine aonair a bhfuil cead acu arm tine atá faoi dheimhniú faoi Achtanna na nArm Tine 1925 go 2009 a shealbhú, a úsáid nó a iompar ar bhealach freagrach i gcónaí agus aon choinníoll atá ceangailte leis an gceadú d'aon deimhniú arm tine a chomhlíonadh go hiomlán. Tá sé de dhualgas ar an sealbhóir d'aon deimhniú arm tine a c(h)eannfort (nó a (h)ardcheannfort, cibé cé acu) a chur ar an eolas maidir le haon athrú ar na dálaí a bhaineann le ceadú an deimhnithe arm tine nó údaraithe arm tine le linn shaolré an deimhnithe nó údaraithe. D'fhéadfadh díolachán nó diúscairt an airm thine nó athrú ar sheoladh an tsealbhóra srl a bheith san áireamh leis na hathruithe sin.

CAIBIDIL 2: IARRATAIS AR DHEIMHNITHE ARM TINE - ACHOMHAIRC OS COMHAIR NA CÚIRTE DÚICHE – CÚLGHAIRMEACHA

Ní mór go gcuirfidh daoine ar mhaith leo arm tine nó armlón a shealbhú, a úsáid nó a iompar iarratas isteach ar fhoirm iarratais FCA 1 (chuig an gcomhalta cuí den Gharda Síochána) agus go dtabharfar deimhniú arm tine dóibh, mura bhfuil díolúine acu faoi Alt 2 d'Acht na nArm Tine 1925. Tá an fhoirm iarratais ar fáil ó gach stáisiún Garda nó ar shuíomh gréasáin na nGardaí www.garda.ie. Is ionann costas deimhniú 3 bliana agus €80 do gach arm tine atá ceadúnaithe.

PRÓISEAS IARRATAIS — ÉIFEACHT DEIMHNITHE ARM TINE

Cuireadh alt 30 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006, arna leasú ag alt 43 den Acht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009, in áit alt 3 den Phríomh-Acht (dá ngairtear "alt 3 arna leasú" anseo feasta) agus déanann sé idirdhealú idir deimhniú arm tine agus deimhniú arm tine srianta. Déanfar iarratas ar dheimhniú arm tine (nach deimhniú arm tine srianta é) chuig ceannfort an Gharda Síochána den cheantar ina bhfuil an t-iarratasóir ina chónaí. Déanfar iarratas ar dheimhniú arm tine srianta chuig Coimisinéir an Gharda Síochána, a rinne a fheidhmeanna maidir le hairm thine srianta a tharmligean chuig comhaltaí den Gharda Síochána ag céim an ardcheannfoirt. Má bhaineann iarratas le deimhniú arm tine srianta, déanfaidh ceannfort an cheantair sin an t-iarratas a sheoladh ar aghaidh chuig ardcheannfort an rannáin ina bhfuil an t-iarratasóir ina chónaí lena phróiseáil.

Déanfar gach iarratas ar dheimhniú arm tine ar an bhfoirm iarratais FCA1 ag stáisiún Garda áitiúil an iarratasóra, agus ceanglófar dhá ghrianghraf pas den iarratasóir a tógadh le déanaí leis an bhfoirm seo. Déanfar an fhoirm iarratais a athbhreithniú de réir seicliosta ag an nGarda a ghlacann an fhoirm (i láithreacht an iarratasóra más féidir) lena chinntiú go bhfuil an fhoirm líonta amach go hiomlán. Dearbhófar céannacht an iarratasóra. Seolfar an t-iarratas ar aghaidh a luaithe is féidir ag an nGarda a ghlacann sé chuig ceannfort nó ardcheannfort (má bhaineann an t-iarratas le harm tine srianta). Déanfar scrúdú ar gach iarratas ag an oifig cheantair (nó oifig rannáin má bhaineann an t-iarratas le harm tine srianta) chun a mbailíocht a áirithiú agus seolfar fógra i scríbhinn maidir le bailíocht chuig an iarratasóir laistigh de 10 lá ón uair a fuarthas an t-iarratas. Cuirfear iarratasóirí ar an eolas má tá tuilleadh eolais ag teastáil.

NÓTA: Ní ghabhann an táille chuí leis an iarratas. Rinneadh bailiúchán na dtáillí a sheachfhoinsiú chuig An Post agus níl na táillí le híoc go dtí go gceadófar an deimhniú arm tine ag an duine eisiúna agus go gcuirfear an t-iarratasóir ar an eolas i scríbhinn maidir leis an gceadú trí 'litir fhógra maidir le deimhniú'.

Níl táille le híoc má dhéantar iarratas chun arm tine eile a chur in áit arm tine. Déantar iarratas den chineál sin ar an bhfoirm iarratas FCA 1 chomh maith tríd an mbosca 'Malartú' a thiceáil. Níl grianghraif, moltóirí ná sonraí breise leighis (ach amháin má tá

Ráiteas Mísin / Mission Statement

Seirbhís gairmiúla póilíneachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muintín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastalaímid
To deliver professional policing and security services with the trust, confidence and support of the people we serve

siad athraithe) ag teastáil nuair a dhéantar iarratas chun arm tine eile a chur in áit arm tine. (Féach Aguisín 'E' le haghaidh tuilleadh treorach maidir le malartuithe).

Úsáidtear an fhoirm FCA2 chun deimhniú arm tine a athrú nó a chealú. Tá an fhoirm seo ar fáil ar shuíomh gréasáin an Gharda chomh maith www.garda.ie. Ba cheart a thabhairt faoi deara go gcoinneofar faisnéis, a bhaineann leis an iarratas, faoi dhuine a chuireann

isteach ar dheimhniú arm tine ar ríomhchóras an Gharda Síochána.

NÓTA: Faoi alt 29(1) den Acht um Fhiadhúlra, 1976, má tá sé de rún ag an iarratasóir an t-arm tine a úsáid chun mamaigh fhiáine, de réir bhrí an Achta um Fhiadhúlra, 1976 (seachas giorriacha) a sheilg agus a mharú, ní mór dó/di ceadúnas reatha a bheith aige/aici, ceadúnas é sin a eisítear ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.

Údaróidh an deimhniú arm tine an duine aonair atá ainmnithe:

- (a) chun an t-arm tine atá sonraithe sa deimhniú a shealbhú, a úsáid agus a iompar,
- (b) chun armlón a cheannach lena úsáid leis an arm tine, agus
- (c) an líon armlóin atá sonraithe sa deimhniú a shealbhú nó a iompar - agus gan líon níos mó a shealbhú nó a iompar ag an am céanna.

Cuirfidh an t-iarratasóir aon fhaisnéis bhreise ar fáil i scríbhinn, faisnéis ar a n-iarrann daoine eisiúna an Gharda Síochána agus iad ag cur a bhfeidhmeanna faoin alt seo i gcrích.

ATHNUACHAINTÍ DEIMHNITHE ARM TINE

Beidh deimhniú arm tine i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta ar ar ceadáíodh é, mura ndéantar é a chúlghairm. Féadfaidh sealbhóir an deimhnithe arm tine iarratas a chur isteach chun an deimhniú a athnuachan suas go dtí 3 mhí roimh an dáta nach mbeidh an deimhniú i bhfeidhm uaidh. Déantar iarratas chun deimhniú arm tine a athnuachan ar an bhfoirm Athnuachan Deimhnithe Arm Tine (FCR), foirm a sheoltar chuig gach sealbhóir deimhniú arm tine thart ar 3 mhí roimh dhul in éag an deimhnithe atá acu faoi láthair. Déantar an fhoirm FCR a líonadh amach roimh ré agus tá sonraí a bhaineann le gach deimhniú arm tine inti. Ní mór do gach iarratasóir ar athnuachan aon athrú maidir lena dhálaí, m. sh. moltóirí, tailte srl., a athrú/nuashonrú i mír ábhartha na foirme FCR sula seolann siad an fhoirm shínithe athnuachana ar ais chuig an nGarda Síochána lena próiseáil. Ní mór grianghraf pas amháin den iarratasóir a tógadh le déanaí a cheangal leis an bhfoirm seo. Ní mór go bhfuil ceannfort nó ard-cheannfort eisiúna sásta go bhfuil gach iarratasóir a chuireann iarratas isteach chun a ndeimhniú nó a ndeimhnithe a athnuachan ag comhlíonadh choinníollacha an cheadúnaithe go fóill agus go bhfuil 'an chúis mhaith' a d'ainmnigh siad maidir le ceadú arm tine acu go fóill.

NÓTA: Tá sé éigeantach (M) anois go gcuireann gach iarratasóir sonraí maidir lena d(h)ochtúir ginearálta ar an bhfoirm Athnuachan Deimhnithe Arm Tine (FCR) sula seolann sé/sí an fhoirm ar ais chuig an nGarda Síochána lena próiseáil. Tá an fhaisnéis seo riachtanach mar ní choinnítear sonraí maidir le dochtúirí ginearálta i leith sealbhóirí arm tine ar an gcóras PULSE.

ARM TINE ATÁ SRIANTA NÓ NACH bhFUIL SRIANTA?

Tarraingítear aird ar Ionstraim Reachtúil Uimh. 391 de 2015: an tOrdú um Airm Thine (Airm Thine agus Armlón Srianta) (Leasú), 2015 a tháinig i ngníomh ar 15 Meán Fómhair 2015 agus a leasaigh Ionstraimí Reachtúla Uimh. 337 de 2009 agus Uimh. 21 de 2008 a thuilleadh. Déantar foráil le hIonstraim Reachtúil Uimh. 391 de 2015 go sainmhínítear piostail de chalabra .22 orlach (5.58mm) (a úsáidtear chun críocha lámhaigh targaidí ag club údaraithe piostail nó raidhfil nó ag raon údaraithe lámhaigh) mar airm thine neamhsrianta ar choinníoll go ndéanfar an philéarlann a mhonarú nó a athrú sula n-úsáidfean an t-arm tine ionas nach féidir níos mó ná 5 urchar a choinneáil sa philéarlann. Déanfar gach iarratas ar dheimhniú arm tine do na hairm thine ghearra seo, agus gach arm tine gearr arna oibriú le haer a úsáideann armlón de chalabra .177 orlach (4.5mm) (aerphiostail), chuig ceannfort an cheantair ina bhfuil cónaí ar an iarratasóir.

I mbeagán focal, sainmhínítear gach arm tine gearr mar airm thine shrianta seachas na heisceachtaí a leagtar amach in Ionstraim Reachtúil Uimh. 21 de 2008, arna leasú, agus go háirithe in Ionstraim Reachtúil Uimh. 391 de 2015 ar a dtugtar achoimre uirthi thuas. Ní bhreithneofar ar aon iarratas nua ar cheadúnas le haghaidh arm tine srianta (seachas le haghaidh arm tine gearr dá raibh deimhniú arm tine ag an iarratasóir ar 19 Samhain 2008, nó roimhe sin), mar a fhoráiltear in alt 30 den Acht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009.

Anuas air sin, sainmhínítear aon raidhfil imeall-lámhaigh a bhfuil piléarlann le níos mó ná 10 n-urchar aige mar arm tine srianta, chomh maith le aon raidhfil a bhfuil calabra de .308 orlach (7.62mm) nó níos mó aige agus atá níos lú ná 35.4 orlach (90 cm) ar a fhad ar an iomlán. Is i gcatagóir na n-arm tine srianta atá aon ghránghunna ar féidir leis níos mó ná 3 urchar a choinneáil (mura ndéantar é a mhonarú, a athrú nó a oiriúnú ionas nach féidir leis níos mó ná 3 a choinneáil), chomh maith le haon ghránghunna a bhfuil stoc scoite infhillte, greim piostail nó bairille níos giorra ná 24 orlach (61 cm) ar a fhad aige. Breithnítear iarratais ar dheimhnithe arm tine maidir le hairm thine shrianta ag ardcheannfort an rannáin ina bhfuil cónaí ar an iarratasóir, mar tharmlig Coimisinéir an Gharda Síochána an cúram sin chucu.

RIACHTANAIS LE COMHLÍONADH I gCÁS IARRATAIS AR DHEIMHNITHE ARM TINE SRIANTA AGUS NEAMHSHRIANTA ARAON

Faoi alt 4 d'Acht na nArm Tine, 1925, arna ionadú le halt 32 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006, ní cheadóidh ceannfort nó ardcheannfort an Gharda Síochána (an duine eisiúna) deimhniú arm tine mura bhfuil siad sásta go gcomhlíonann an t-iarratasóir na coinníollacha seo a leanas agus go leanfaidh sé/sí de na coinníollacha a chomhlíonadh le linn shaolré an deimhnithe:

- 1 Tá 'cúis mhaith' ag an bpearsa aonair arm tine a fháil agus a bhfuil deimhniú á iarraidh ina leith.

(Chomh maith measúnú a dhéanamh ar inniúlacht an phearsa aonair airm thine a shealbhú, tá an coincheap 'cúis mhaith' ar cheann de na réimsí breithiúnais is suntasaí agus is casta a chuirfidh an ceannfort nó ardcheannfort Garda iomchuí i bhfeidhm agus cinneadh á dhéanamh aige/aici maidir le deimhnithe arm tine a thabhairt do phearsa aonair. (Féach Caibidil 3 le haghaidh tuilleadh treorach).
- 2 Is féidir cead a thabhairt don phearsa aonair arm tine nó armlón a shealbhú, a úsáid nó a iompar gan sábháilteacht ná slándáil phoiblí nó an tsíocháin a chur i mbaol,
- 3 Níl duine é/í an phearsa aonair a ndearbhaítear leis an Acht seo nach duine é/í atá i dteideal deimhniú arm tine a bheith aige/aici. (Féach Aguisín 'A' le haghaidh tuilleadh treorach).
- 4 Tá cóiríocht dhaingnithe don arm tine curtha ar fáil ag an bpearsa aonair san áit ina gcoinneofar é. (Féach Aguisín 'C' le haghaidh tuilleadh treorach).
- 5 Comhlíonann an phearsa aonair aon choinníoll réasúnta eile (más ann d'aon) atá sainithe sa deimhniú arm tine, lena n-áirítear aon choinníollacha nach mór iad a chomhlíonadh roimh dháta sonraithe ar mhaithe le sábháilteacht agus slándáil phoiblí.
- 6 Más raidhfil nó piostal é an t-arm tine a úsáidfear le haghaidh lámhach targaidí, agus is ball de chlub raidhfil nó piostail é an phearsa aonair, club é sin atá údaraithe faoi alt 4A d'Acht na nArm Tine 1925, arna chur isteach ag alt 33 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006.
- 7 Féadfar go scrúdóidh comhalta den Gharda Síochána an chóiríocht d'arm tine atá curtha ar fáil ag iarratasóir ar dheimhniú arm tine nó iarraidh ar an iarratasóir chun a chruthú gurb ann don chóiríocht.

8 Féadfaidh go n-iarrfaidh an ceannfort nó ardcheannfort, faoi alt 4(3) d'Acht na nArm Tine 1925 arna chur isteach ag alt 32 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006, na nithe seo a leanas chun tacú le hiarratas:

- (a) Cruthúnas céannachta — mura bhfuil aithne ag an gcomhalta den Gharda Síochána ar an iarratasóir, ní mór doiciméad aitheantais ar a bhfuil grianghraf den sealbhóir, cosúil le cóip bhunaidh de phas nó ceadúnas tiomána nó aon chruthúnas céannachta sásúil eile, a thaispeáint don chomhalta a ghlacann an t-iarratas.
- (b) Cruthúnas oiriúnachta maidir le húsáid an airm thine nó armlóin lena mbaineann an t-iarratas. Má tá deimhniú i seilbh ag pearsa aonair ar feadh bliana amháin ar a laghad (agus nár ciontaíodh é/í faoi Acht na nArm Tine 1925 go 2009), féadfar a mheas go bhfuil cruthúnas inniúlachta comhlíonta. Is féidir le hiarratasóirí céaduaire ar dheimhnithe arm tine inniúlacht a léiriú tríd an duine eisiúna a shásamh gur fhreastail sé/sí ar chúrsa oiliúna in úsáid arm tine nó gur ndeachaigh sé/sí isteach i gclub údaraithe raidhfil nó piostail nó raon chun críocha inniúlacht a bhaint amach in úsáid arm tine, nó gur tugadh deimhniú arm tine dó/di roimhe sin.

Níor cheart do dhaoine eisiúna deimhniú arm tine a thabhairt d'aon phearsa aonair mura bhfuil sé/sí sásta go bhfuil an phearsa aonair inniúlacht arm tine a shealbhú, a úsáid agus a iompar gan an pobal a chur i mbaol, nó go deimhin gan an t-iarratasóir féin a chur i mbaol. Ní mór go bhfuil an duine eisiúna sásta nach bhfuil sábháilteacht phoiblí curtha i mbaol riamh agus na cinní seo á ndéanamh. Ba cheart do dhaoine eisiúna tuiscint áfach nach dteastaíonn ach cruthúnas inniúlachta ón Acht. Níl cruthúnas oilteachta maidir le harm tine a úsáid, cosúil le saineolas i lámhach targaidí srl., ag teastáil agus cruthúnas inniúlachta á mheas.

- (c) Maidir le toiliú i scríbhinn ó ghairmí sláinte ionas gur féidir leis an duine eisiúna, nó duine eile thar ceann an duine eisiúna, fiosruithe leighis maidir le stair leighis an iarratasóra a dhéanamh - ní bheidh gá le rochtain ar liachleachtóir an phearsa aonair ach amháin má tá sé riachtanach mar a sheasann cúrsaí. **NÓTA:** Ní mór do gach iarratasóir ar dheimhniú arm tine mír 2.2 na foirme iarratais FCA 1 a líonadh amach ina iomláine. (Féach Aguisín 'B' le haghaidh tuilleadh treorach).
- (d) Ainmneacha agus seoltaí dhá mholtóir ar féidir dul i dteagmháil leo chun fianaise a thabhairt ar charachtar an iarratasóra. (Féach Aguisín 'B' le haghaidh tuilleadh treorach maidir le moltóirí).

Riachtanais Bhreise i gCás Iarratais ar Dheimhniú arm tine srianta agus Srian ar Cheadúnú Arm Tine Gearra

Faoi alt 3 d'Acht na nArm Tine 1925 arna leasú, ní mór iarratas ar dheimhniú arm tine srianta a dhéanamh chuig an gCoimisinéir, a rinne a fheidhm faoin alt seo a tharmligean chuig comhaltaí an Gharda Síochána a bhfuil céim an ardcheannfoirt acu. Ní mór go bhfuil an tArdcheannfort sásta faoi na riachtanais seo a leanas:

- (a) go gcomhlíonann an t-iarratasóir na coinníollacha ar fad a ndéantar foráil ina leith in alt 4 d'Acht na nArm Tine 1925 arna leasú le halt 32 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006, i.e. na coinníollacha i gcás iarratasóra ar arm tine neamhshrianta (a ndéantar achoimre orthu thuas).
- (b) go bhfuil cúis mhaith agus leordhóthanach ag an iarratasóir arm tine a fháil agus dá bhfuil deimhniú á iarraidh ina leith, agus
- (c) gur léirigh an t-iarratasóir nach bhfuil arm tine cuí eile ar fáil don chuspóir a bhfuil an t-arm tine ag teastáil dó.

DEIMHNIÚ OILIÚNA IN ÚSÁID ARM TINE

Baineann alt 2A d'Acht na nArm Tine, 1925, arna chur isteach ag alt 28 an Achta um Cheartas Coiriúil, 2006, le deimhnithe oiliúna in úsáid arm tine. Déantar iarratas ar dheimhniú oiliúna in úsáid arm tine ar fhoirm FCA1 agus is ionann an táille agus 50% den táille (€40) do ghnáthdheimhniú arm tine. Tá an próiseas íocaíochta seachfhoinisithe chuig An Post chomh maith. Ní sheoltar fógra athnuachana maidir le deimhniú oiliúna in úsáid arm tine chuig sealbhóir an deimhnithe agus má théann an deimhniú arm tine lena mbaineann an deimhniú oiliúna in éag nó má chealaítear nó cúlghairtear é, ní bheidh an deimhniú oiliúna i bhfeidhm ach oiread.

1 D'fhéadfaí go dtabharfadh an Coimisinéir (a rinne a fheidhmeanna faoin alt seo a tharmligean chuig comhaltaí an Gharda Síochána a bhfuil céim an ardcheannfoirt acu), nuair a chuirtear iarratas isteach agus íoctar an táille, deimhniú oiliúna in úsáid arm tine do dhuine atá 14 bliain d'aois nó níos sine. Ní thugann sé seo cead do dhuine arm tine agus armlón a shealbhú (seachas arm tine srianta nó armlón srianta) ach chun na críocha seo a leanas:

(a) an t-arm tine a iompar agus a úsáid le haghaidh seilge nó lámhach targaidí —

- (i) agus iad faoi mhaoirseacht duine sonraithe atá níos sine ná 18 bliain d'aois a bhfuil deimhniú arm tine aige/aici ina leith, agus
- (ii) má úsáidtear an t-arm tine le haghaidh lámhach targaidí, san áitreabh club údaraithe piostail nó raidhfil nó raon údaraithe lámhaigh nó aon áit eile atá údaraithe faoi alt 2(5) nó 2A(b) den Acht seo.

- 2 Má tá an t-iarratasóir idir 14 agus 16 bliain d'aois, ba cheart go mbeadh toiliú i scríbhinn ó thuismitheoir nó caomhnóir an iarratasóra in éindí le hiarratas ar dheimhniú oiliúna in úsáid arm tine.
- 3 Má dhiúltaítear d'iarratas, cuirfidh an ceannfort an t-iarratasóir ar an eolas i scríbhinn agus cuirfear na cúiseanna leis an diúltú in iúl chomh maith.
- 4 Beidh deimhniú oiliúna in úsáid arm tine i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana, mura gcúlghairtear é, ón dáta ar ar ceadaíodh é nó ar feadh shaolré an deimhnithe arm tine a bhfuil an deimhniú oiliúna nasctha leis (cibé acu atá níos giorra).
- 5 Féadfaidh an tArdcheannfort deimhniú oiliúna in úsáid arm tine a chúlghairm má cheapann sé/sí nach bhfuil an sealbhóir ag cloí, nó nár chloígh an sealbhóir, leis na coinníollacha ar faoina réir a ceadaíodh an deimhniú.
- 6 Mura gcloínn an sealbhóir de dheimhniú oiliúna in úsáid arm tine leis na coinníollacha ar faoina réir a ceadaíodh an deimhniú, gan leithscéal réasúnach a bheith aige/aici, tá sé/sí ciontach i gcion.
- 7 Is cion é ag an sealbhóir de dheimhniú arm tine má thugann sé cead do shealbhóir an deimhnithe oiliúna, i leith an airm thine lena mbaineann an deimhniú oiliúna in úsáid arm tine, gan leithscéal réasúnach a bheith aige/aici, an t-arm tine sin a iompar nó a úsáid nuair nach bhfuil é/í faoina m(h)aoirseacht.

NÓTA: Ní bheidh sé dleathach d'aon duine arm tine a dhíol le haon duine atá níos óige ná 18 bliain d'aois. Anuas air sin, i gcás iarratasóra atá níos óige ná 18 bliain d'aois, rachaidh toiliú i scríbhinn ó thuismitheoir nó caomhnóir an iarratasóra in éindí le hiarratas ar dheimhniú arm tine. Atreoraíonn Ionstraim Reachtúil Uimh. 493 de 2010.

CUR IN IÚL AN CHINNIDH MAIDIR LE DEIMHNIÚ ARM TINE A CHEADÚ

Déantar foráil le halt 3 d'Acht na nArm Tine 1925 arna leasú go gcuirfear cinneadh maidir le hiarratas ar dheimhniú arm tine nó ar athnuachan deimhnithe ar fáil laistigh de 3 mhí ón dáta ar ar chuir an t-iarratasóir iarratas líonta isteach. Déanfar gach iarracht, áfach, ag na daoine eisiúna lena chinntiú go ndéanfar gach iarratas nua agus iarratais athnuachana a phróiseáil a luaithe agus is féidir. Mura ndéantar cinneadh maidir le hiarratas laistigh de 3 mhí, is ionann é seo agus diúltú faoi alt 15A d'Acht na nArm Tine, 1925 arna chur isteach ag alt 43 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006.

DIÚLTAITHE - CINNTÍ RÉASÚNTA

Má dhiúltaítear d'iarratas, cuirfidh an duine eisiúna an t-iarratasóir ar an eolas i scríbhinn maidir leis an diúltú agus an chúis/na cúiseanna leis. Le blianta beaga anuas, leag na Cúirteanna béim go minic ar a thábhachtaí atá sé go gcuireann an ceannfort nó

Ráiteas Mísin / Mission Statement

Seirbhísí gairmiúla póilíneachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muintín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastalaímid
To deliver professional policing and security services with the trust, confidence and support of the people we serve

ardcheannfort eisiúna cinneadh RÉASÚNTA maidir leis an diúltú ar fáil d'iarratasóir a fuair diúltú, agus ar an mbealach sin seans a thabhairt don duine agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh trí achomharc chun na Cúirte Dúiche.

Ar bhealach simplí, ba cheart nach mbeadh dabht ar bith ar iarratasóir ar dhiúltaigh dá iarratas maidir le cén fáth ar dhiúltaigh dá (h)iarratas. Mura ndéantar ach an reachtaíocht a aithris sa litir diúltaithe, ní leor é sin. Ba cheart go gcuirfí duine ar dhiúltaigh dá (h)iarratas ar an eolas faoin gceart atá aige/aici achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh chun na Cúirte Dúiche, laistigh de 30 lá ón dáta a bhfuarthas an litir diúltaithe air.

Ba cheart go dtuigfeadh daoine eisiúna a dhéanann cinntí an modh déanta cinntí a bhfuil sé mar aidhm aige próisis déanta cinntí a chur ar fáil. Is próiseas é sin a chuireann ar chumas an lucht déanta cinntí na cúiseanna lena ngníomhartha a shocrú, a mhíniú agus údar a thabhairt leis na cúiseanna sin. Ba cheart go gcomhlíonann aon chinneadh atá déanta roinnt bunphrionsabal: dlíthiúlacht, riachtanas, comhréireacht agus cuntasacht. Ba cheart chomh maith go ndéantar cinntí ar bhealach nach bhfuil idirdhealaitheach.

ACHOMHARC A DHÉANAMH MAIDIR LE CEADÚ DEIMHNITHE ARM TINE

Chuir alt 43 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006 alt nua, alt 15A, isteach in Acht na nArm Tine, 1925 agus déantar foráil leis an alt sin gur féidir le duine míshásta achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche laistigh de 30 lá ó fuarthas an fógra diúltaithe. D'fhéadfaí go mbainfí achomhairc leis na cinntí seo a leanas. (Féach alt 15A den Acht 1925 le haghaidh liosta iomlán):

- 1 diúltú do dheimhniú arm tine a cheadú nó a athnuachan faoi alt 3 den Acht; nó faoi alt 2 d'Acht na nArm Tine (Deimhnithe Airm Tine do Neamhchónaitheoirí) 2000.
- 2 diúltú do dheimhniú oiliúna in úsáid arm tine a cheadú faoi alt 2A den Acht.
- 3 diúltú d'údarú le haghaidh club piostail nó raidhfil nó raon lámhaigh a cheadú nó a athnuachan faoi alt 4A den Acht.
- 4 deimhniú arm tine a chúlghairm faoi alt 5 den Acht.
- 5 diúltú do dhuine a chlárú, nó clárú a athnuachan, ar chlár de dhéileálaithe arm tine faoi alt 9 nó alt 11 den Acht.

Má dhéantar achomharc, d'fhéadfaí

- (a) go ndearbhódh an Chúirt an cinneadh,

(b) go gcuirfidh an Chúirt na himeachtaí ar athlá nó go dtabharfaidh an Chúirt treoir don duine eisiúna an cinneadh a athbhreithniú de bharr na n-imeachtaí achomhairc, nó

(g) go gceadóidh an Chúirt an t-achomharc.

CÚLGHAIRM DE DHEIMHNIÚ ARM TINE AGUS DÍOL NÓ DIÚSCAIRT

Cuireann alt 35 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006 alt nua in áit alt 5 den Phríomh-Acht.

Is féidir le duine eisiúna deimhniú arm tine a chúlghairm uair ar bith má tá sé/sí sásta:

- (a) nach bhfuil cúis mhaith ag an sealbhóir an t-arm tine a bheith aige/aici,
- (b) gur duine é an sealbhóir nach féidir cead a thabhairt dó/dí arm tine a shealbhú gan sábháilteacht agus slándáil phoiblí nó an tsíocháin a chur i mbaol,
- (c) gur duine é/í an sealbhóir a ndearbhaítear leis an Acht nach duine é/í atá i dteideal deimhniú arm tine a bheith aige/aici,
- (d) go bhfuil an sealbhóir ag úsáid an t-arm tine chun críocha nach gceadaítear ag an deimhniú,
- (e) nár chomhlíon an sealbhóir coinníoll atá ceangailte le ceadú an deimhnithe,
- (f) gur thug an sealbhóir cead do shealbhóir deimhniú oiliúna an t-arm tine a iompar nuair nach raibh é/í faoi mhaoirseacht shealbhóir an deimhnithe.

Cuirfidh an duine eisiúna an chúis le deimhniú arm tine a chúlghairm in iúl do shealbhóir an deimhnithe i scríbhinn. Arís, níor cheart go mbeadh dabht ar bith ar an duine maidir leis an gcúis/na cúiseanna leis an gcúlghairm. Ar an mbealach sin, beidh deis ag an duine agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh chun na Cúirte Dúiche. Má chúlghairtear deimhniú arm tine, d'fhéadfaí go n-ordódh an duine eisiúna don sealbhóir i scríbhinn an t-arm tine nó armlón a thabhairt do cheannfort an Gharda Síochána sa cheantar ina bhfuil cónaí ar an sealbhóir, nó a thabhairt do chomhalta eile an Gharda Síochána atá ag feidhmiú thar ceann an cheannfoirt.

Leasaigh alt 36 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006 alt 6 den Acht 1925 agus leagann an t-alt reachtaíocht síos maidir le duine atá i seilbh arm tine nó armlóin tar éis an deimhniú le haghaidh an airm thine nó armlóin sin a bheith cúlghairthe. Beidh feidhm ag na nósanna imeachta seo a leanas sa chás sin:

- (1) tabharfaidh an duine sin an t-arm tine nó armlón don cheannfort den cheantar ina bhfuil cónaí ar an duine ar an bpointe boise.

- (2) go gcuirfidh an ceannfort in iúl don duine i scríbhinn go bhfuil ceart aige/aici an t-arm tine a dhiúscairt ar aon bhealach nach bhfuil in aghaidh an dlí.
- (3) mura bhfuil socraithe déanta, laistigh de 3 mhí, ag an duine chun an t-arm tine a dhiúscairt, cuirfidh an ceannfort in iúl don duine i scríbhinn go ndéanfar an t-arm tine a dhíol nó a scriosadh laistigh den chéad mhí eile. Íocfar na fáiltais leis an duine.
- (4) d'fhéadfaí go scriosadh an ceannfort an t-arm tine má tá sé curtha ar díol agus níor díoladh é, nó má cheapann an ceannfort nach dócha go ndíolfar an t-arm tine. Má dhéantar an t-arm tine a scriosadh, cuirfidh an ceannfort an duine ar an eolas.

CAIBIDIL 3: COINNÍOLLACHA AR FÉIDIR BREATHNÚ ORTHU MAR ÁBHARTHA AGUS DEIMHNIÚ ARM TINE Á CHEADÚ, AGUS CÁSDLÍ

Déantar foráil le halt 4(2)(g) d'Acht na nArm Tine 1925 arna chur isteach ag alt 32 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006 go bhféadfadh go mbeadh coinníoll nó coinníollacha faoina réir a gceadófaí deimhniú arm tine. Anuas air sin, dheimhnigh an cás Joseph Magee i gcoinne Patrick Murray agus Dennis Roche, breithiúnas a thug an Breitheamh Birmingham san Ard-Chúirt ar 24 Samhain 2008, go dtugann an scéim reachtúil cead do cheannfort coinníollacha a chur ar dhuine agus deimhniú arm tine á cheadú aige/aici faoi Achtanna na nArm Tine.

Tá dualgais thábhachta ar shealbhóirí ceadúnas arm tine maidir lena chinntiú go stóráiltear airm thine go sábháilte agus go daingean, go háirithe agus iad ag taisteal go dtí nó ar ais ó chruinniú lámhaigh nó seilg. D'fhéadfaí go mbreathnófaí ar na coinníollacha seo a leanas mar chúí (ach ní liosta iomlán é) lena gcur san áireamh ag ceannfort nó ardcheannfort agus deimhniú arm tine á cheadú aige/aici, ach ba cheart aire a thabhairt chun a áirithiú go bhfuil aon choinníoll a chuirfear réasúnach agus cothrom:

- Ní cheadaítear aon arm tine nó armlón a shealbhú ná a iompar agus é i bhfolach ar an bpearsa go poiblí uair ar bith.
- I gcás piostal agus gunnán féinlódála (leathuathoibríoch), d'fhéadfaí go gcuirfí riachtanas san áireamh ionas go ndéanfar gach arm tine a dhíchóimeáil fad is nach bhfuil siad ag an raon lámhaigh ar a bhfuil sé beartaithe lena úsáid, agus go gcoinneofar roinnt páirteanna ag an raon má tá an raon sin ceadaithe le haghaidh airm thine a stóráil.
- Agus iad á n-iompar, ba cheart airm thine a stóráil i gcás/clúdach i gcónaí, agus go mbeidís as radharc i mbúit feithicle. Níor cheart go mbeadh an tiománaí ná aon phaisinéir ábalta rochtain a fháil orthu.
- Níor cheart go mbeadh aon arm tine lódáilte le harmlón agus é á iompar go dtí nó ar ais ó chruinniú lámhaigh.
- Más féidir, ba cheart go mbainfí boltaí raidhfil agus urstoic ghránghunna, sleamhnáin bhairr agus piléarlanna piostail agus go gcoinneofaí iad ar leithligh.
- Níor cheart go bhfágfadh an t-arm tine i láthair shuí na feithicle riamh, cibé acu an bhfuil duine ann nó nach bhfuil.
- Má tá sé riachtanach an fheithicil a stopadh agus í a fhágáil, ba cheart bearta réasúnacha a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil an t-arm tine i gceist sábháilte. Is dea-chleachtas é aon rud a d'fhéadfadh tabhairt le fios go bhfuil arm tine san

Ráiteas Mísín / Mission Statement

Seirbhísí gairmiúla póilíneachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastalaímid
To deliver professional policing and security services with the trust, confidence and support of the people we serve

fheithicil a chur sa bhúit agus a choinneáil as radharc, m. sh. éadaí seilge, maide stalcaireachta, scian seilge, déshúiligh, mealltóirí, hata seilge srl.

SEALBHÚ, ÚSÁID AGUS IOMPAR AIRM THINE NÓ ARMLÓIN GAN SÁBHÁILTEACHT PHOIBLÍ NÁ AN tSÍOCHÁIN A CHUR I mBAOL

Tugadh aghaidh ar nádúr phróiseas déanta cinntí an cheannfoirt san Ard-Chúirt sa chás Thomas O' Leary i gcoinne an Cheannfoirt Michael Maher, breithiúnas a thug Clark J. ar 25 Aibreán 2008, ina ndúirt an Breitheamh an méid seo a leanas:

Tugann Acht na nArm Tine 1925 le fios gurb é an t-iarratasóir nach mór leis an gCeannfort a dheimhniú go bhfuil sé/sí inniúil arm tine a shealbhú nó a úsáid. Ní thugtar ceadúnas i leith an airm thine féin, ach don úinéir a dtugtar údarú dó/di an t-arm tine áirithe a shealbhú, a úsáid agus a iompar. Is iad na saincheistanna tábhachtacha carachtar an iarratasóra, an chúis a bhfuil an t-arm tine áirithe ag teastáil uaidh agus cibé acu an féidir cead a thabhairt don iarratasóir áirithe sin arm tine nó armlón a shealbhú, a úsáid agus a iompar gan sábháilteacht phoiblí ná an tsíocháin a chur i mbaol.'

Tugadh aghaidh ar phróiseas déanta cinntí an ardcheannfoirt (chomh maith le próiseas Breithimh Cúirte Dúiche agus é/í ag éisteacht le hachomharc i gcoinne dhiúltú an iarratais ina dhiaidh sin) chomh maith níos déanaí san Ard-Chúirt sa chás Patrick Herlihy i gcoinne An Bhreithimh Dúiche David Riordan agus An tArdcheannfort Michael Finn, breitheamh é sin a thug Kearns J. ar 9 Iúil 2010 ina ndúirt an Breitheamh an méid seo a leanas:

'Níl aon fhianaise ann... go ndearna an freagróir bearta chun fiúntais chás an iarratasóra a mheas, cé go nglacaim leis agus go n-aithním gur éist an freagróir le méid mór fianaise agus ndearna sé cúram lena chinntiú go raibh aighneachtaí iomlána i scríbhinn aige ón dá thaobh sula ndearna sé a chinneadh ag an deireadh. Mar sin féin, i mo thuairim ní féidir breathnú ar a chinneadh ach mar dhiúltú a priori a sháraíonn, go héifeachtach, an reachtaíocht infheidhmithe i gcás an iarratasóra áirithe seo. Níor cuireadh san áireamh, i mo thuairim, na fiúntais shuibiachtúla a chuir an t-iarratasóir chun cinn chun tacú lena iarratas. Mar sin, níor tugadh ach diúltú a bhain go hiomlán le calabra agus marfach na n-arm tine gan míniú a thabhairt maidir le cén fáth nach duine oiriúnach é ar féidir deimhnithe arm tine a thabhairt dó.'

I bhfianaise na mbreithiúnas sin, ba cheart nach ndéanadh ceannfoirt agus ardcheannfoirt dearmad ar chalabra an airm thine, ach ba cheart dóibh béim go leor a leagan ar charachtar an iarratasóra, cén fáth a dteastaíonn an t-arm tine áirithe ón iarratasóir agus inniúlacht an iarratasóra an t-arm tine áirithe a shealbhú, a úsáid agus a iompar gan sábháilteacht phoiblí nó an tsíocháin a chur i mbaol.

Ráiteas Misin / Mission Statement

Seirbhísí gairmiúla póilneachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastalaímid
To deliver professional policing and security services with the trust, confidence and support of the people we serve

CÚIS MHAITH A MHEASÚNÚ

Leagtar amach sa mhír seo na saincheisteanna a d'fhéadfadh ceannfort nó ardcheannfort a chur san áireamh chun 'cúis mhaith' a mheasúnú i gcásanna aonair. Tarraingítear aird chomh maith ar roinnt de na cúiseanna maithe a d'fhéadfadh an duine eisiúna a mheas mar 'maith' maidir le hairm thine agus armlón áirithe a shealbhú. Níl ach feidhm léiritheach ag an treoir seo. D'fhéadfaí go dtiocfaí ar chásanna nach ndéantar plé orthu anseo, ach ina ainneoin sin go mbeadh 'cúis mhaith' ag baint leo.

Cúis mhaith le harm tine a fháil, arm tine a mbaineann an deimhniú ina leith

Is féidir foghlaim ón gcás William Goodison i gcoinne an Cheannfoirt D. J. Sheahan (Ard-Chúirt, 2 Bealtaine 2008). I dtaca le 'cúis mhaith', rialaigh an Breitheamh Peart go bhfuil sé de cheart ag ceannfort an t-arm tine áirithe a chur san áireamh chomh maith leis an úsáid atá beartaithe.

Is é éifeacht an bhreithiúnais sin gur féidir an t-arm tine atá i gceist a chur san áireamh mar bhunús agus an t-iarratas á mheas, ach ní hé an t-aon chritéar ar cheart a chur san áireamh é, agus níor cheart go ndiúltofaí don iarratas mar gheall ar an arm tine amháin. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le an bhfuil 'cúis mhaith' ag an iarrthóir, is cuid thábhachtach den chinneadh an úsáid atá beartaithe don arm tine.

Ba cheart go ndéanfaí gach cás a mheas ar a chuid buanna féin, agus go gcuirfí an reachtaíocht i bhfeidhm ar bhealach cóir agus cothrom i gcás gach iarrthóir. Má tá sé de rún ag duine deimhniú arm tine a fháil ba cheart go mbeadh an duine sin dáiríre faoin arm tine sin a úsáid ar bhonn rialta.

Breithiúnas McCarron

Sa chás McCarron i gcoinne an Cheannfoirt Kearney (Ard-Chúirt 4 Iúil 2008), diúltaíodh d'iarratas ar dheimhniú arm tine ar an mbonn nach raibh an ceannfort sásta go raibh 'cúis mhaith' ag an iarratasóir arm tine áirithe a bheith aige/aici. Chuir an t-iarratasóir i gcoinne an chinnidh agus tháinig an cás os comhair an Bhreithimh Onóraí Charleton a dhiúltaigh cinneadh an cheannfoirt chun diúltú don iarratas a chur ar neamhní. Ar an dóigh sin, dhiúltaigh sé d'argóint an iarratasóra maidir leis an méid seo a leanas:

'Nuair a chuireann duine a bhfuil deonú deimhnithe arm tine á lorg aige iarratas isteach chuig ceannfort le hintinn mhaith, ar choinníoll nach bhfuil aon rud ann a chiallaíonn nach bhfuil sé i dteideal arm tine a shealbhú agus nuair a léirigh sé go bhfuil sé oílte chun an t-arm tine sin a úsáid, ní foláir deimhniú arm tine a dheonú dó i leith an airm thine sin. Áitítear nach bhfuil sé de rogha ag ceannfort deimhniú arm tine a dheonú, beag beann ar an gcineál airm mharfaigh a bhfuil an ceadúnas á lorg dó.'

D'áitigh an t-iarratasóir nach féidir leis an gceannfort ceisteanna maidir le sábháilteacht phoiblí a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh aige/aici maidir le ar chomhlíon

Ráiteas Misin / Mission Statement

Seirbhísí gairmiúla póilíneachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastaláimid
To deliver professional policing and security services with the trust, confidence and support of the people we serve

an t-iarratasóir ar dheimhniú arm tine an riachtanas in alt 4(a). Is é sin an bhfuil cúis mhaith aige an t-arm tine áirithe sin a bheith aige. Dhiúltaigh an Breitheamh Charleton don argóint sin chomh maith. Dúirt an Breitheamh:

'Dearbhaím go bhfuil dualgas faoin reachtaíocht ar an iarratasóir ar dheimhniú arm tine an freagróir a shásamh go bhfuil cúis mhaith aige nó aici an t-arm tine a ndéantar an t-iarratas ar dheimhniú ina leith a bheith aige/aici. Cuirtear in iúl leis an bhfoclaíocht shonrach faoin acht gur ceisteanna iad sábháilteacht phoiblí, ord an phobail agus an leathadh d'airm thine laistigh de cheantar áirithe, agus laistigh den phobal go ginearálta, ar féidir leis agus ar cheart don cheannfort den Gharda Síochána iad a chur san áireamh ... Go ginearálta, is contúirtí an t-arm tine is mó an dualgas atá ar an duine a chuireann iarratas ar dheimhniú arm tine isteach chun a thaispeáint go bhfuil cúis mhaith aige nó aici an t-arm tine áirithe sin a shealbhú agus a úsáid. Faoin acht, is léir gur ceisteanna fíorthábhachtacha iad calabra, cineál armlóin a d'fhéadfaí a úsáid, éifeacht agus contúirt mharfach ag achar áirithe, luas an armlóin, méid agus cruth an ghunna, chomh maith le húsáid a bhféadfadh baint as an arm tine. D'áitigh an t-abhcóide don chosantóir an méid seo a leanas: dá gcuirfí riachtanas a shonraíonn nach mór don iarratasóir iarratas a chur isteach de mheon macánta in áit an riachtanais atá in alt 4(a) den acht, gheofá réidh leis an gcuspóir reachtúil trína gcaithfidh iarratasóir cur ina luí ar cheannfort sa cheantar ina bhfuil cónaí air go bhfuil cúis mhaith aige an t-arm tine a bhfuil deimhniú á iarraidh aige ina leith a bheith aige. Cuirfear córas i bhfeidhm trína n-úsáidfear féindeimhniúchán chun airm thine mharfacha a cheadú. Tá an aighneacht sin ceart.

..Níl sé i gceist ag an reachtaíocht deimhniú arm tine a thabhairt d'aon phearsa aonair ar mian leis arm tine áirithe a bheith aige/aici le haghaidh spóirt, is cuma a chalabra, luas a dhiúracáin nó cé chomh mharfach is a d'fhéadfadh sé bheith.'

Mar gheall ar an mbreithiúnas sa chás McCarron, is léir go bhfuil údarás ag ceannfort raon leathan ceisteanna a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh aige/aici maidir le an bhfuil sé/sí sásta go bhfuil 'cúis mhaith' ag iarratasóir ar dheimhniú arm tine an t-arm tine áirithe sin a bheith aige. Áirítear leis na ceisteanna sin sábháilteacht phoiblí, dea-ord an phobail, an leathadh d'airm thine, agus contúirt an airm thine (lena n-áirítear calabra, cineál armlóin, éifeacht mharfach nó contúirt ag achar lámhaigh áirithe, luas an armlóin, méid agus cruth an airm thine, chomh maith le húsáid a bhféadfadh baint as an arm tine).

Dúirt an Breitheamh Charleton ina dhiaidh sin:

'Ní ghlacaim leis sa chás seo nár thuig an cosantóir an chumhacht atá aige faoi alt 4(a) d'Acht na nArm Tine 1925 arna leasú, ach bhí sé de cheart aige an cinneadh sin a dhéanamh.'

Ráiteas Misin / Mission Statement

Seirbhísí gairmiúla póilíneachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastaláimid
To deliver professional policing and security services with the trust, confidence and support of the people we serve

Ag féachaint don chás thuas, is cosúil go ndearna an Breitheamh Clark cinneadh difriúil sa chás O'Leary i gcoinne Maher. Is cosúil gur áitigh an Breitheamh onórach nach féidir le ceannfort na ceisteanna sábháilteachta níos leithne a ndearnadh tagairt dóibh sa chás *McCarron* a chur san áireamh, ach nár cheart dó/dí ach inniúlacht an iarratasóra an gunna áirithe a úsáid go sábháilte a mheas faoi alt 4(a).

Ina leith sin, luaigh an Breitheamh Charleton an méid seo a leanas:

'Sa mhéid nach bhfuil mo chinneadh ina leith sin ag teacht le cinneadh an Bhreithimh Peart sa chás Goodison i gcoinne Sheahan' (Neamhthuairiscithe, 2 Bealtaine 2008, An Ard-Chúirt) agus an Bhreithimh Clarke sa chás O'Leary i gcoinne Maher (Neamhthuairiscithe, 25 Aibreán 2008, An Ard-Chúirt) nílím ábalta na cinntí sin a leanúint!'

Ba cheart a bheith cúramach nuair a phléitear le cásanna ina bhfuil cúis fhánach ag an iarratasóir airm tine a bheith aige/aici, ach d'fhéadfaí go mbeadh cúis eile ag an iarratasóir. Ba cheart fiosruithe réasúnacha a dhéanamh chun 'cúis mhaith' an iarratasóra le harm tine a bheith aige/aici. Mar shampla, más mian leis an iarratasóir cineál arm tine ar leith a bheith aige/aici ní hionann é sin agus 'cúis mhaith' gan fianaise bhreise tacaíochta a thabhairt maidir leis na cuspóirí atá beartaithe don arm tine.

D'fhéadfaí go n-aireofaí le fiosruithe réasúnacha iarratas ar údaráis i scríbhinn más féidir, deimhniú maidir leis an seans go mbeidh tionchar ar speiceas cairéil; oiriúnacht na talún maidir leis an arm tine a iarrtar atá ar cóimhéid le taithí an iarratasóra. I measc na gceisteanna eile a d'fhéadfaí cur san áireamh, tá údarás an iarratasóra dul ag lámhach ar an talamh agus, i gcás lámhachóirí targaidí, fíorú ballraíochta de chlub údaraithe piostail nó raidhfil, nó de raon lámhaigh. D'fhéadfaí ballraíocht de chlub foghlaeireachta géim a chur san áireamh chomh maith. Níl na samplaí seo ach roinnt de na samplaí den fhaisnéis bhreise is féidir le daoine eisiúna a iarraidh ón iarratasóir.

Ráiteas Misin / Mission Statement

Seirbhísí gairmiúla póilíneachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastalaímid
To deliver professional policing and security services with the trust, confidence and support of the people we serve

CAIBIDIL 4: CLUBANNA PIOSTAIL AGUS RAIDHFIL AGUS RAON LÁMHAIGH

ÚDARÚ CLUBANNA PIOSTAIL AGUS RAIDHFIL AGUS RAONTA LÁMHAIGH LE HAGHAIDH LÁMHACH TARGAIDÍ

Achtaíodh alt 33 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006 ar 1 Lúnasa 2009 agus chuir sé alt nua 4A isteach sa phríomh-Acht agus déantar foráil leis seo clubanna piostail agus raidhfil agus raonta lámhaigh a údarú.

NÓTA: Déantar foráil le halt 4(2)(e) d'Acht na nArm Tine 1925, arna chur isteach ag alt 32 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006, **nach mór** d'iarratasóir ar dheimhniú arm tine le haghaidh raidhfil nó piostail chun críocha lámhaigh targaidí bheith ina b(h)all de chlub údaraithe piostail nó raidhfil.

Áirítear le lámhach targaidí airm thine a úsáid le haghaidh spóirt agus caitheamh aimsire. De ghnáth, is cuid lárnach de 'chúis mhaith' na n-iarratasóirí agus fócas dá ngníomhaíocht lámhaigh í ballraíocht de chlub áirithe. Cuirfear iarratas ar chlub piostail nó raidhfil nó raon lámhaigh a údarú isteach chuig an gCoimisinéir, a rinne a fheidhmeanna a tharmligean chuig an gceannfort den Gharda Síochána sa cheantar ina bhfuil an club nó raon lonnaithe. Déanfar an t-iarratas ar an bhfoirm fhorordaithe FRPC1 ag oifigeach údaraithe an chlub nó úinéir nó oibreoir an raon lámhaigh, agus beidh an táille fhorordaithe €1,000 in éineacht leis. Beidh údaruithe a ndéanfar faoin alt seo i bhfeidhm ar feadh 5 bliana mura ndéanfar iad a chúlghairm. Rinneadh an próiseas íocaíochta faoin alt seo a sheachfhoinsiú chuig An Post. Tá foirmeacha iarratais le haghaidh na n-údaruithe seo ar fáil ar shuíomh gréasáin an Gharda Síochána www.garda.ie.

Leagtar amach in Ionstraim Reachtúil Uimh. 308 de 2009: Rialacháin Arm Tine (Údarú Clubanna Sibhialtacha Piostail & Raidhfil) 2009 na caighdeáin íosta maidir le slándáil, bainistíocht agus ballraíocht nach mór do na clubanna seo cloí leo. Cuirtear na caighdeáin íosta maidir le slándáil, bainistíocht, ballraíocht agus dearadh raonta lámhaigh ar fáil in Ionstraim Reachtúil Uimh. 622 de 2011: Rialacháin Arm Tine (Údaruithe Raonta Lámhaigh Piostail nó Raidhfil) 2011.

Tugadh isteach ceanglas ag alt 4A d'Acht na nArm Tine 1925, arna chur isteach ag alt 33 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006 freisin, ceanglas go mbeadh deimhniú raoin arm tine i bhfeidhm ag gach raon lámhaigh sula gcuirfidh siad iarratas ar údarú faoin Acht isteach chuig an gceannfort ábhartha. Eisítear deimhnithe raoin arm tine ag gCigire Raoin Arm Tine atá ceaptha ag an Aire agus ba cheart don úinéir nó oibreoir den raon lámhaigh iarratais ar dheimhniú raoin a chur isteach chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar an bhfoirm chuí iarratais.

Agus iarratas ar údarú club raidhfil/piostail nó raoin lámhaigh faoin alt seo á mheas,

Ráiteas Misin / Mission Statement

Seirbhísí gairmiúla póilíneachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastalaímid
To deliver professional policing and security services with the trust, confidence and support of the people we serve

ba cheart do cheannfoirt a bheith ar an eolas faoi alt 33 den Acht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009, alt a thug alt nua 4C isteach in Acht na nArm Tine 1925. Le halt 4C toirmisctear agus déantar cion coiriúil de 'lámhach praiticiúil nó fuinniúil'.

Ráiteas Misin / Mission Statement

Seirbhísí gairmiúla póilíneachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastalaímid
To deliver professional policing and security services with the trust, confidence and support of the people we serve

(Seachas má dheonaítear údarú faoi alt 2(5)(a) den Acht 1925 agus má tá an fuinneamh tosaigh níos lú ná 16 giúl, m. sh. gunna millíní péinte). Is é an míniú ar lámhach praiticiúil nó fuinniúil: 'aon fhoirm de ghníomhaíocht ina n-úsáidtear airm thine chun aithris a dhéanamh ar chomhrac nó traenáil chomhraic'. Dlífeadh fíneáil nach mó ná €20,000 a chur ar dhuine nó téarma príosúin nach mó ná 7 mbliana a ghearradh ar dhuine, nó an dá rud, a chiontaítear é nó í ar díotáil i gcion faoi alt 4C.

Cinntoidh ceannfoirt eisiúna go gcruthófar gach club piostail nó raidhfil agus raon lámhaigh atá údaraithe faoin reachtaíocht seo mar eagraíocht ar PULSE ar leithligh (baineann an táille €1,000 ar leithligh leis an dá rud). Seolfar cóip de gach údarú den chineál sin atá eisiithe faoi alt 4A d'Acht na nArm Tine 1925, arna chur isteach ag alt 33 den Acht 2006, go láithreach chuig Aonad Polasaí Arm Tine, Ceanncheathrú an Gharda, a bhfuil an fhreagracht acu clár clubanna agus raonta a choinneáil thar ceann Choimisinéir an Gharda Síochána. Seolfar cóip d'aon chúlghairm club nó raoin faoin alt seo ar aghaidh chuig an Aonad Polasaí Arm Tine chun a chinntiú go gcoinnítear an clár i gceart.

NÓTA: Tá freagracht ar an úinéir/oibreoir gach raon údaraithe lámhaigh chun a chinntiú go bhfuil údarú cothrom le dáta don raon i seilbh acu an t-am ar fad. Ní shainmhínítear láithreacha lámhaigh crécholúir agus láithreacha millíní péinte mar raonta lámhaigh, agus mar sin ní bhaineann alt 33 ach le raonta a úsáidtear le haghaidh lámhach targaidí piostail agus raidhfil.

Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, go sainmhínítear gunna millíní péinte mar airm thine faoi Achtanna na nArm Tine. Ní mór do dhaoine aonair ar mian leo na hairm thine sin a dheimhniú dul tríd an bpróiseas iarratais céanna a dhéanann aon iarratasóir eile a bhfuil deimhniú arm tine á lorg aige/aici. Déantar cur síos ar na gunnaí seo mar 'Eile' ar an bhfoirm iarratais FCA 1 faoi 'calabra'. Is féidir le húinéirí raonta lámhaigh, le cead i scríbhinn ón cheannfort áitiúil faoi alt 2(4)(d) d'Acht na nArm Tine 1925, gunnaí millíní péinte a choinneáil ag an raon millíní péinte gan deimhniú a bheith acu. Mar a luaitear, ní bheidh deimhniú ón Chigire Raoin Lámhaigh ag teastáil ó na raonta seo mar ní shainmhínítear iad mar raon lámhaigh faoin reachtaíocht.

Ós rud é nach mór deimhniú arm tine a fháil ó ardcheannfort le haghaidh airm shrianta thine, beidh 'gunnaí club/raoin' atá údaraithe ag ceannfort teoranta d'airm thine neamhsrianta amach anseo. (Féach údaruithe in Aguisín 'D' le haghaidh tuilleadh treorach).

Ráiteas Misin / Mission Statement

Seirbhísí gairmiúla póilíneachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastalaímid
To deliver professional policing and security services with the trust, confidence and support of the people we serve

CEAD PLEANÁLA DO RAONTA LÁMHAIGH

Mura bhfuil an próiseas iarratais phleanála do raon lámhaigh curtha i gcrích, (a dteastaíonn údarú faoi alt 33 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006 lena aghaidh), níor cheart go gcuirfidh sé seo cosc le húdarú an iarratais. Má thugann duine eisiúna de chuid An Gharda Síochána faoi deara, áfach, gur diúltaíodh do chead pleanála do raon lámhaigh, ba cheart machnamh domhain a dhéanamh ar an údarú a chúlghairm má deonaíodh é cheana.

IDIRCHAIDREAMH GARDA LE CLUBANNA ÁITIÚLA GUNNA

Buailfidh an ceannfort i ngach ceantar, nó ionadaí a d'ainmnigh an ceannfort, le hionadaithe ó gach club gunna ina gceantair dhá uair sa bhliain ar a laghad chun aon fhadhb nó saincheist maidir le ceadúnú arm tine a phlé. D'fhéadfadh an Garda Síochána agus na clubanna áitiúla araon leas a bhaint as na cruinnithe seo agus tá na cruinnithe seo ar cheann de na moltaí sa tuarascáil ar airm thine a scríobh An Breitheamh Uasal Barr in 2006.

Ba cheart go dtuigeann daoine aonair a luaigh ballraíocht de chlub foghlaeireachta géim nó crécholúir, mar shampla, mar a gcuid 'cúis mhaith' deimhniú arm tine a fháil, go bhféadfaí go gcúlghairfí a ndeimhniú arm tine má ligeann siad a mballraíocht dul i léig aon uair le linn shaolré an deimhnithe. Má thugann ceannfort eisiúna faoi deara nach bhfuil 'cúis mhaith' ag sealbhóir deimhnithe arm tine ceadúnas don arm tine a bheith aige/aici níos mó, déanfar machnamh go domhain ar an deimhniú arm tine a chúlghairm.

CALABRA AGUS DÉANAMH ARM TINE AGUS TREOIR MAIDIR LE HOIRIÚNACHT ÚSÁIDE

Is treoir é an fhaisnéis seo a leanas maidir leis na cineáil arm tine is oiriúnaí don ghníomhaíocht lámhaigh ar leith a bhfuil siad ag teastáil di. Tá sé beartaithe go dtacaítear le daoine eisiúna tuiscint a fháil ar cén fáth a bhféadfaí go mbeadh iarratasóirí ag iarraidh airm thine ar leith a úsáid chun críocha difriúla. Níl an liosta seo iomlán ach d'fhéadfaí go dtabharfadh an liosta treoir don Gharda Síochána agus an pobal araon:

Ráiteas Misin / Mission Statement

Seirbhísí gairmiúla póilíneachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastalaímid
To deliver professional policing and security services with the trust, confidence and support of the people we serve

AIRM THINE ATÁ OIRIÚNACH DO LÁMHACH TARGAIDÍ AGUS LÁMHACH CRÉCHOLÚR - TREOIR MAIDIR LE CINEÁL AGUS CALABRA

Raidhfílí

Féadfar gur raidhfílí aonurchair nó oibriú bolta d'aon chalabra iad raidhfílí. B'fhéidir gur féidir raidhfílí a úsáid le haghaidh foghlaoireachta nó lámhach targaidí araon. Is féidir le duine eisiúna coinníoll a cheangal le deimhniú arm tine, áfach, coinníoll a chuirfeadh srian le húsáid an airm thine ionas nach féidir an t-arm tine a úsáid ach don chuspóir a shonraigh an t-iarratasóir nuair a chuir sé/sí iarratas isteach ar dheimhniú arm tine.

Ba cheart go mbeadh a fhios ag daoine eisiúna agus iarratasóirí araon gur fhógair an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ar 18 Meán Fómhair 2015, go seasfaidh aon deimhniú arm tine srianta nua le haghaidh raidhfílí leathuathoibríoch lárbhuailte, a deonaíodh idir an dáta sin agus achtú na reachtaíochta beartaithe a chuirfidh cosc ar cheadúnú arm tine den chineál sin amach anseo, marcúlghairthe.

Piostail

Féadfar go mbeidh piostal lámhaigh targaidí neamhshrianta de chalabra .177 orlach aer nó .22 orlach imeall-lámhaigh. Ní fhéadfaidh piostail neamhshrianta ach piléarlanna, a ndearnadh iad a mhonarú nó a athrú sula n-úsáidfear iad a úsáid ionas nach féidir níos mó ná 5 urchar a choinneáil sa philéarlann, mar a fhoráiltear le hIonstraim Reachtuil Uimh. 391 de 2015, arna leasú.

Féadfar go gceadófar airm thine shrianta ghearra, atá ceadúnaithe do dhaoine aonair a raibh deimhniú arm tine acu i leith an ghunna láimhe sin ar nó roimh 19 Samhain 2008, le haghaidh comórtais lámhaigh targaidí ar raonta atá údaraithe go cuí.

Gránghunnaí

De ghnáth, bíonn gránghunnaí le haghaidh comórtais den chineál dhá bhairille agus tomhas 12. Úsáidtear gránghunnaí leathuathoibríocha nó pumpála chomh maith; ach sainmhínítear gránghunnaí a bhfuil greim feiceálach piostail nó stoic theileascópacha nó toilleadh piléarlainne acu, a ligeann níos mó ná trí (3) chartús a lódáil sa ghránghunna, mar airm thine shrianta.

Nuair a mheastar iarratais ar ghránghunnaí, ba cheart a thabhairt faoi deara go mbaineann an chuid is mó de na hiarratais le gránghunnaí aon bhairille, dhá bhairille (taobh le taobh agus thuas thíos araon) agus modhanna leathuathoibríocha. Úsáidtear

Ráiteas Misin / Mission Statement

Seirbhísí gairmiúla póilíneachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muintín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastalaímid
To deliver professional policing and security services with the trust, confidence and support of the people we serve

iad den chuid is mó le haghaidh rialú mionainmhithe foghla, chomh maith le héin agus ainmhithe beaga a sheilg.

Airm Thine a Chur ag Nialas

Chun arm tine a chur ag nialas, déantar tástáil lámhaigh chun a chinntiú gurb ionann pointe díríochta an airm thine agus pointe teagmhála an diúracáin a scaoileadh. Is gnás coitianta é raidhfil a chur ag nialas, chomh maith le harm tine gearr má tá treoir inathraithe aige. Is arm tine dainséarach é arm tine nach bhfuil "ag nialas". Mar sin, de réir dea-chleachtais ní mór arm tine a chur ag nialas go rialta lena chinntiú go bhfuil sé sábháilte.

Tástálann lámhachóir targaidí nialas an airm thine sula scaoileann sé/sí. De ghnáth, déanann sealgaire arm tine a chur ag nialas sula ndéanann sé/sí stalcaireacht. Más féidir, is é raon údaraithe lámhaigh an áit is sábháiltí tástáil nialais a dhéanamh. Murar féidir, déantar nialas an airm thine a thástáil taobh amuigh. Tá sé thar a bheith tábhachtach go bhfuil aon áit a úsáidfeadh achar sábháilte amach as foirgnimh a bhfuil daoine iontu agus nach gcuirfeadh sábháilteacht an phobail i mbaol.

Agus tástáil nialais á déanamh, cinnteoidh gach duine a bhfuil arm tine ceadúnaithe ina seilbh acu go gcoinníonn siad líne radhairc shaor ón phointe lámhaigh go dtí an targaid, agus go bhfuil cúlstop cuí i bhfeidhm chun cosc a chur le haon ricochet nó piléar fánach. Tá dualgas ar gach sealbhóir arm tine a chinntiú go ndéanfar airm thine a chur ag nialas ar bhealach freagrach agus nach gcuirfeadh sábháilteacht an phobail i mbaol riamh.

CAIBIDIL 5: DÉILEÁLAITHE CLÁRAITHE ARM TINE AGUS GAIRIS BHOG-AEIR (‘AIRSOFT’) - AIRM THINE RÉALAÍOCHA BHRÉIGE

DÉILEÁLAITHE CLÁRAITHE ARM TINE

Leasaigh alt 38 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006 alt 9 den Phríomh-Acht 1925. Leanann clárú duine ar an gclár de dhéileálaithe arm tine i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana mura bhfuil sé cúlghairthe. Coimeádtar an clár ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Leasaigh alt 39 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006 alt 10(4) den Phríomh-Acht agus thug sé isteach an chatagóir de dhíoltóir arm tine srianta. Leanann clárú duine faoin alt seo i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana mura bhfuil sé cúlghairthe, chomh maith. Tarraingítear aird ar Ionstraim Reachtúil Uimh. 646 de 2017: Rialacháin Arm Tine (Airm Thine agus Armlón a Stóráil ag Déileálaithe Arm Tine) 2017 a shínigh an tAire ar 21 Nollaig 2017. Ba cheart a thabhairt faoi deara go dtagann na Rialacháin seo i ngníomh ar 1 Feabhra 2019.

Déantar foráil le halt 10(1) d’Acht na nArm Tine 1925 nach bhfuil sé dleathach d’aon duine aon arm tine nó armlón a mhonarú, a dhíol, a dheisiú, a chruthú, a chur ar díol, nó a bheith ina sheilbh le díol, a dheisiú, a chruthú - i dtrádáil nó i ngnó - mura bhfuil an duine sin cláraithe ar chlár de dhéileálaithe arm tine. Éilíonn alt 12 den Phríomh-Acht ar gach déileálaí arm tine cláir maidir le gach ceannachán, fruilíú nó díolachán nó idirbheart a choinneáil nó a chur faoi deara clár a choinneáil, agus sonraí maidir le gach idirbheart a chur ar an gclár laistigh de 24 uair. Déantar foráil le halt 16 d’Acht na nArm Tine 1925 nach bhfuil sé dleathach d’aon duine aon arm tine nó armlón a choinsíniú a) lena easpórtáil ón Stát, nó b) lena aistriú ó áit amháin sa Stát go háit ar bith eile, mura bhfuil an easpórtáil nó an t-aistriú sin údaruithe i scríbhinn ag ceannfort Gharda Síochána an cheantair óna gcoinsíneofar an t-arm tine nó an t-armlón sin lena easpórtáil nó lena aistriú.

AIRSOFT — AIRM THINE RÉALAÍOCHA BHRÉIGE

Chuir alt 40 den Acht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 naoi n-alt nua i ndiaidh alt 9 d’Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach, 1990. Déantar foráil leo maidir le hairm thine réalaíocha bhréige a rialú. Ní sháraíonn fuinneamh tosaigh na n-arm tine seo giúl amháin agus, mar sin, ní chuimsítear iad sa sainmhíniú ar arm tine in alt 1 (1) d’Acht na nArm Tine 1925 arna leasú ag alt 26 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006.

Níor cuireadh tús le ach alt 9A agus 9B ar 1 Lúnasa 2009, áfach. Mar gheall ar alt 9A is cion é ag duine, gan údarás dleathach nó leithscéal réasúnach a bheith aige/aici, arm tine réalaíoch bréige a bheith ina s(h)eilbh aige/aici in aon áit phoiblí. Déantar foráil le halt 9B gur féidir le ceannfort in aon cheantar seilbh, úsáid nó iompar aon arm tine réalaíoch bréige in áit shonraithe sa cheantar sin a údarú i scríbhinn ar feadh tréimhse nach

Ráiteas Misin / Mission Statement

Seirbhísí gairmiúla póilínreachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastalaímid
To deliver professional policing and security services with the trust, confidence and support of the people we serve

sáraíonn bliain amháin (féach Aguisín 'D' maidir le húdaruithe). Déanfar foráil le halt 9C agus 9D go mbunóidh agus go gcoimeádfaidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais clár de dhéileálaithe arm tine réalaióch bréige agus, mar gheall ar na hait sin, is cion é ag duine aon arm tine réalaióch bréige a iompórtáil, a mhonarú, a dhíol, a thástáil nó a dheisiú, i dtrádáil nó i ngnó, mura bhfuil sé/sí cláraithe ar an gclár a choinníonn an tAire.

Ráiteas Misin / Mission Statement

Seirbhísí gairmiúla póilíneachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastalaímid
To deliver professional policing and security services with the trust, confidence and support of the people we serve

CAIBIDIL 6: ÚSÁID THAR LEAR AGUS IARRATAIS NEAMHCHÓNAITHEACH AR DHEIMHNITHE ARM TINE

ÚSÁID THAR LEAR

Féadfar gur mian le daoine ar mian leo taisteal thar lear ainmhí nach bhfuil le haimsiú sa tír seo a sheilg agus airm thine a fháil chun na críche sin. D'fhéadfaí go n-aireofaí leis na hainmhithe seo, mar shampla, ainmhithe géim cosúil le torc, eilifint, buabhall, leon, liopard, nó ainmhithe eile ar an machaire cosúil le speiceas éagsúla antalóip. Féadfar go n-aireofar leis na raidhfilí atá beartaithe chun na críche sin raidhfilí dhá bhairille nó oibriú bolta de chalabraí difriúla, go minic an-mhór agus le fuinneamh tosaigh ard. Féadfar go n-aireofar leis seo .375 H & H Magnum le haghaidh géim machaire, calabráí idir .375 H & H Magnum agus .60() le haghaidh géim mór agus .300 Winchester nó níos mó le haghaidh béir.

Anuas air sin, féadfar go dtaistealóidh sealbhóirí deimhnithe arm tine/deimhnithe arm tine srianta thar lear lena n-airm thine, raidhfilí agus piostail shrianta ina measc, ó am go ham le páirt a ghlacadh i gcomórtas lámhaigh. Féadfar go mbeidh daoine eisiúna de chuid an Gharda Síochána sásta go bhfuil 'cúis mhaith' ag iarratasóirí a bheartaíonn airm thine den chineál sin thar lear. Níor cheart go ndiúltófaí go huathoibríoch deimhniú a dheonú má tá cuairteanna den cineál sin annamh, ach is féidir minicíocht na gcuairteanna a chur san áireamh.

Féadfar go gceadófar airm thine a chur ag nialas le harmlón neamhinsínte in Éirinn má tá raon cuí ar fáil. Féadfar go bhfuil roinnt raidhfilí atá beartaithe d'antalóip nó géim machaire eile oiriúnach d'fhianna, toirc nó lámhach seilge eile sa tír seo. Tá calabráí cosúil le .375 (9.5mm) den chuid ba lú den raon atá oiriúnach do "ghéim dainséarach" a scaoileadh. Má tá sé deacair do lámhachóir cartúis le haghaidh "géim dainséarach" a fháil sa tír ina mbeidh géim á sheilg, is féidir socruithe a dhéanamh ionas go n-easpórtálfaidh déileálaí méid cuí ar féidir leis an lámhachóir é a bhailiú ag an áit bhordála.

PAS ARM TINE EORPACH

Déantar foráil in Ionstraim Reachtuil Uimh. 362 de 1993 do Phas Arm Tine Eorpach. Déantar foráil le Rialachán 9(2)(C) go rachaidh Pas Arm Tine Eorpach in éag nuair a théann an deimhniú a bhaineann le harm tine atá luaite ar an bPas nó nuair a théann an pas féin in éag, cibé acu is giorra.

Beidh duine, a bhfuil cónaí air sa Stát seo agus ar shealbhóir de dheimhniú arm tine é, i dteideal leabhar do Phas Arm Tine Eorpach arna eisiúint ag an gceannfort den Gharda Síochána sa cheantar ina bhfuil cónaí ar an duine. Tacaíonn an pas, a bheidh i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana (ar feadh na tréimhse céanna le deimhniú arm tine trí bliana), le lámhachóirí Éireannacha ar mian leo taisteal thar lear. Má chuirtear teorainneacha armlóin san áireamh leis an bPas, cinnteoidh an duine eisiúna gurb ionann go díreach na

Ráiteas Misin / Mission Statement

Seirbhísí gairmiúla póilínachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastaláimid
To deliver professional policing and security services with the trust, confidence and support of the people we serve

teorainneacha sin agus an méid armlóin atá sonraithe sa deimhniú arm tine atá eisithe faoi láthair don sealbhóir den Phas Arm Tine Eorpach.

Éileofar ar dhuine nach bhfuil cónaí air sa Stát seo de ghnáth ach i mBallstát eile, agus ar mian leo arm tine a thabhairt isteach sa tír seo, Pas Arm Tine Eorpach bailí a bheith ina seilbh acu. Ní foláir gurb an chóip bhunaidh í mar ní ghlacfar le cóip. Chomh maith le deimhniú arm tine neamhchónaitheach (féach thíos), ní mór go n-iompraíonn an duine an pas i gcónaí nuair atá an t-arm tine atá údaraithe ag an bPas ina seilbh acu. Cuirfear ar fáil é lena iniúchadh nuair a iarrann aon chomhalta den Gharda Síochána nó aon oifigeach custam agus máil orthu.

NEAMHCHÓNAITHEOIRÍ

Pléann Acht na nArm Tine (Deimhnithe Airm Tine do Neamhchónaitheoirí), 2000, arna leasú ag alt 67 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006, le hiarratais ar agus deonuithe de dheimhnithe arm tine do dhaoine a bhfuil cónaí orthu de ghnáth lasmuigh den Stát agus atá níos sine ná 16 bliana d'aois. Déantar foráil le halt 2 den Acht 2000, arna leasú ag alt 42 den Acht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009, do dheimhniú aon bhliain a thosaíonn ar dháta deonaithe an deimhnithe arm tine agus a théann in éag 12 mhí ina dhiaidh sin.

Déanfaidh duine nach bhfuil cónaí air sa Stát de ghnáth iarratas ar dheimhniú arm tine ar fhoirm iarratais do Dheimhniú Arm Tine do Neamhchónaitheoir (ar fáil ó shuíomh gréasáin an Gharda Síochána www.garda.ie) agus beidh an táille de €40 an airm thine in éineacht le gach iarratas, chomh maith leis an leabhar bunaidh de Phas Arm Tine Eorpach más saoránach de Bhallstát é an t-iarratasóir. Ní ghlacfar le cóip. Déanfar an t-iarratas chuig an gceannfort den cheantar Gharda inar mian leis an iarratasóir scaoileadh ar dtús agus tabharfar eolas maidir leis an méid armlóin a bhfuiltear ag déanamh iarratais lena aghaidh. Má thagraíonn an t-iarratas d'arm tine srianta, seolfar an t-iarratas ar aghaidh chuig an ardcheannfort den rannán sin.

EASPÓRTÁIL BHUAN ARM TINE AG DUINE A CHÓNÁIONN IN ÉIRINN

Más mian le duine a chónaíonn sa Stát seo arm tine a easpórtáil, is ann do roinnt riachtanas dlíthiúil a bhraitheann ar na dálaí:

1. Ba cheart do dhuine aonair a easpórtáil arm tine chuig ballstát an Aontais Eorpaigh Foirm Iarratais Easpórtála/Iompórtála Arm Tine a úsáid in éineacht le cóip an deimhnithe bhailí arm tine don arm tine agus iad sheoladh ar aghaidh chuig: An Rannán Arm Tine, Pléascán agus Slándála Príobháidí, An Roinn Dí agus Cirt agus Comhionannais, 51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2. Nóta: Mura bhfuil deimhniú arm tine reatha ag an duine aonair, ní mór dó/di iarratas a chur isteach chuig an gceannfort áitiúil Garda le haghaidh 'Údarú le haghaidh Easpórtála nó Aistrithe' (moltar go mairfeadh an t-údarú seo ó

Ráiteas Misin / Mission Statement

Seirbhísí gairmiúla póilínachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastalaímid
To deliver professional policing and security services with the trust, confidence and support of the people we serve

cheannfort ar feadh achar ama caighdeánaithe de 3 mhí chun a áirithiú go mbeadh go leor ama ann an t-iarratas a phróiseáil go hiomlán) agus é seo a cheangal leis an iarratas chuig an Roinn atá freagrach as an gceadúnas easpórtála a dheonú.

2. Ba cheart do dhuine aonair a easpórtálann arm tine nó armlón chuig tír nach ballstát an Aontais Eorpaigh í iarratas a chur isteach chuig An Roinn Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.

Ráiteas Misin / Mission Statement

Seirbhísí gairmiúla póilíneachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastalaímid
To deliver professional policing and security services with the trust, confidence and support of the people we serve

CAIBIDIL 7: ILGHNÉITHEACH

ARMLÓN — MÉIDEANNA SONRAITHE I nDEIMHNITHE ARM TINE

Déantar foráil le halt 3 den Phríomh-Acht arna leasú go bhféadfadh an sealbhóir de dheimhniú arm tine armlón a cheannach lena úsáid leis an arm tine, agus gur féidir leis/léi an líon armlóin atá sonraithe sa deimhniú a shealbhú nó a iompar - agus gan líon níos mó a shealbhú nó a iompar ag an am céanna. Is faoin duine eisiúna atá sé cinneadh a dhéanamh maidir leis an méid armlóin ar cheart a shonrú sa deimhniú arm tine, agus déanfar gach iarratas a mheas ar a chuid buanna aonair. Cuirtear an méid armlóin in iúl ar an deimhniú arm tine. Ba cheart don iarratasóir an t-uaslíon armlóin a bhfuil sé/sí ag cur iarratas isteach air a chur san áireamh sa mhír chuí den fhoirm iarratais FCA1, agus féadfar go mbeidh tuilleadh eolais ón iarratasóir ag teastáil ón duine eisiúna agus an t-iarratas á mheas. Is féidir leis an duine eisiúna an méid armlóin atá sonraithe ar an deimhniú arm tine a athrú uair ar bith, lena n-áirítear tráth na hathnuachana.

Beidh an cinéal nó catagóir lámhaigh a dhéanfaidh an t-iarratasóir ina phríomhábhar scrúdaithe nuair a shocraíonn an duine eisiúna an méid armlóin a shonrófar ar an deimhniú arm tine. Ba cheart do dhaoine eisiúna bheith ar an eolas faoin méid armlóin a bhíonn á dhíol de ghnáth, áfach. Mar shampla, is féidir 20, 50 nó 100 a cheannach srl., ag brath ar an gcineál arm tine agus an chatagóir lámhaigh a bheidh á déanamh, agus féadfar go gcuirfidh an duine eisiúna é seo san áireamh agus an t-iarratas á mheas.

Ba cheart a thuiscint go mbaineann an méid armlóin atá sonraithe i ndeimhniú arm tine le méid armlóin is féidir leis an gceadúnaí sealbhú ag an am céanna. D'fhéadfaí breathnú ar an gcóimheas seo a leanas mar chóimheas meánach:

- Feirmeoir/Feirmeoireacht (gránghunna amháin le haghaidh srianadh lotnaide/mionainmhithe foghla) - suas go dtí 200 urchar.
- Raidhfíli stalcaire fia — suas go dtí 500 urchar.
- Gránghunna le haghaidh crécholúir, piasún/colúr/creabhar — suas go dtí 750 urlach.
- Lámhachóir Targaidí (ball de chlub údaraithe) — suas go dtí 1,000 urlach.

CROSBHOZHANNA

Sainmhínítear crosbhoghanna mar airm thine shrianta agus ba cheart iarratais ar dheimhniú a mheas de réir na dtreoirilínite níos leithne maidir le hairm thine shrianta, i.e. seolfar an t-iarratas ar aghaidh chuig an ardcheannfort den rannán ina bhfuil cónaí ar an iarratasóir. Ba cheart machnamh domhain a dhéanamh ar an 'gcúis mhaith agus

Ráiteas Misin / Mission Statement

Seirbhísí gairmiúla póilínachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastalaímid
To deliver professional policing and security services with the trust, confidence and support of the people we serve

dhóthanach' a luaigh iarratasóirí atá ag iarraidh ceadúnas a fháil le haghaidh crosbhoghanna.

LÁMHACH AR AN TALAMH

Más mian le duine lámhach ar an talamh ceantar sonrach talún a ainmniú ina n-iarratais, ceantar talún ina bhfuil sé beartaithe acu lámhach nó ina bhfuil cead acu lámhach nó ina bhfuil cead ag a gclub géim lámhach. Is féidir sonraí maidir le ballraíocht iarratasóra de chlub áirithe géim nó eile a chur in iúl ar an bhfoirm iarratais FCA1 i mír 4.2 atá marcáilte 'Eile' (sonraigh). Is féidir sonraí iomlána a achoimriú ar bhileog ar leith, mar atá leagtha amach sa mhír sin. Ní mór cead i scríbhinn ón duine atá i dteideal cearta lámhaigh a dheonú a chur ar fáil má iarrann an ceannfort Garda air/uirthi é seo a dhéanamh. Féadfar go ndéanfar an talamh a scrúdú agus a cheadú ag an nGarda Síochána (mura dtuigtear go bhfuil an talamh cuí cheana féin) chun a chinntiú nach gcuirfidh úsáid na n-arm tine nó armlóin sábháilteacht phoiblí nó an tsíocháin i mbaol — alt 4(b) d'Acht na nArm Tine, 1925.

Níl talamh 'sábháilte' nó 'contúirteach' ann féin, agus ní mór do lámhachóir bheith stuama agus cinneadh á dhéanamh aige/aici maidir le ar cheart lámhach in imthosca áirithe. Beidh an Garda Síochána, áfach, ag iarraidh bheith sásta go bhfuil an talamh atá ainmnithe oiriúnach don chineál arm tine atá le húsáid, mar chuid de 'chúis mhaith' a mheas.

D'fhéadfaí go n-aireofaí leis na saincheisteanna atá ábhartha agus iarratas á mheas aon cheann de na saincheisteanna seo a leanas:

- (a) Láithreach cearta slí poiblí, bóthair agus cosáin phoiblí agus a minice a úsáidtear iad,
- (b) Gaireacht áiteanna cónaithe.,
- (c) Cúlstopanna oiriúnacha don arm tine a úsáidfear,
- (d) Tírdhreach na talún, agus
- (e) An bhfuil aon speiceas cairéil ar an talamh

Cé gur féidir 'cúis mhaith' chun airm thine áirithe a shealbhú a cheangal leis an speiceas cairéil atá le haimsiú ar an talamh atá i gceist, mar shampla feirm nó eastát, ba cheart go dtabharfadh coinníollacha shealbhú na n-arm tine sin cead don sealbhóir deimhnithe dul i ngleic le cásanna réasúnta, mar shampla lotnaide nó speicis ghéim nó ainmnithe atá gortaithe ar an bhfeirm.

SPEICIS BHEAGA CHAIRÉIL A SCAOILEADH, SPEICIS LOTNAIDE AGUS GHÉIM INA MEASC

Clúdaíonn an téarma 'géim' éin agus ainmnithe áirithe ar féidir iad a scaoileadh le haghaidh bia agus spóirt. Seachas fianna a ndéantar cur síos orthu thíos, d'fhéadfaí go n-aireofaí leis seo coinín, giorria, piasún, patraisc, cearc fhraoigh, creabhar agus éanlaith ghéim eile. D'fhéadfaí go n-aireofaí le speicis a dhéanann dochar d'fheirmeoireacht agus

Ráiteas Misin / Mission Statement

Seirbhísí gairmiúla póilínachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastaláimid
To deliver professional policing and security services with the trust, confidence and support of the people we serve

gníomhaíochtaí foghlaireachta ainmhithe cosúil le sionnach, coinín, minc, easóg, francach donn agus iora glas, chomh maith le roinnt éan cosúil le colm coille, rúcach agus préachán.

Gníomhaíocht Lámhaigh a Cheannach

Is féidir leis na daoine siúd nach baill de chlubanna iad agus nach bhfuil cead úinéir talún acu, ach a cheannaíonn laethanta lámhaigh go minic, mar shampla, ar na heastáit bhainistithe cosúil le Coillte, nó ag raonta tráchtála crécholúir, 'cúis mhaith' a chomhlíonadh trí fhianaise a chur ar fáil a thaispeánann gur cheannaigh siad an cineál lámhaigh seo.

Marú Daonnachtúil Ainmhithe

De ghnáth, ní mharaítear ainmnithe atá tinn nó gortaithe go daonnachtúil le harm tine ach ag na daoine siúd a phléann le hainmhithe den chineál sin ar bhonn rialta go maith. Ina measc sin, tá tréidlianna, cigirí Chumann na hÉireann um Fhóirithint ar Ainmhithe, seirbhísigh seilge, agus áititheoirí feirmeacha agus gabháltas beag. Tá deimhniú arm tine ag teastáil do na hairm thine sin agus cuirfear in iúl iad ar an bhfoirm iarratais mar 'Eile'.

D'fhéadfaí go mbreathnófaí ar ghunnán aonurchair cosúil leis an 'Cashman' .32 aonurchair mar oiriúnach d'ainmhithe a mharú an chuid is mó den am, ach d'fhéadfaí go gceadófaí calabraí níos mó má bhíonn an t-iarratasóir ag plé le hainmhithe móra nó dainséaracha (mar shampla, capaill, eallach nó speicis níos mó fia) go rialta. De ghnáth, ní bhíonn gá le ciúnadóirí do phiostail ach amháin i gcás tréidlianna atá ag oibriú ag ráschúrsaí. D'fhéadfaí nach mbreathnófaí ar ghunnaí láimhe traidisiúnta chomh oiriúnach do mharú daonnachtúil is atá na gunnaí thuasluaite.

Ainmhithe Eile

Is féidir iarratas a chur isteach ar údarú chun ainmhithe, nach gnáthchineáil ghéim nó mionainmhithe foghla iad, a scaoileadh, mar shampla gabhar fia agus torc allta. Bainfidh na gnáthriachtanais maidir le lámhach ar an talamh.

Fia

Déantar fia a chaitheamh faoi rialú an tAcht um Fhiadhúlra, 1976-2000. Is mamaigh cosanta iad fia rua faoi alt 23 de na hAchtanna um Fhiadhúlra. Ní mór d'iarratasóir ar mian leis/léi fia a chaitheamh talamh a ainmniú a bhféadfar go mbeidh an speiceas cuí fia ann, chomh maith le cuireadh, áirithint nó údarú ón úinéir/áititheoir chun lámhach ar an talamh sin.

Sionnaigh

Níl sé in aghaidh an dlí sionnaigh a chaitheamh san oíche le cúnaimh lampa ar an gcoinníoll gur féidir é a dhéanamh le cead an úinéara talún agus nach dtarlaíonn sé laistigh de 60 troigh ón mbóthar poiblí. D'fhéadfaí go gcuirfí coinníoll le ceadúnas

Ráiteas Misin / Mission Statement

Seirbhísí gairmiúla póilínreachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastaláimid
To deliver professional policing and security services with the trust, confidence and support of the people we serve

raidhfil lárbhuailte ardchumhachta le haghaidh sionnaigh a chaitheamh, coinníoll a deir go gcaithfear An Garda Síochána a chur ar an eolas maidir le haon lámhach a tharlódh tar éis thitim na hoíche.

Marú

Déantar ainmhithe a mharú le haghaidh tomhaltas ag daoine go minic trí stiúdhunnaí a úsáid. Feictear orthu sin mar "airm thine" chun críocha dleathacha. Níl údarú ná deimhniú arm tine ag teastáil faoi alt 2 d'Acht na nArm Tine, 1925, áfach, chun uirlis mharaithe saor ó philéir a shealbhú agus a fháil. Ní bhaineann an eisceacht seo ach sna himthosca seo a leanas: úinéirí seamlas, cniogairí, búistéirí, nó daoine eile atá i mbun ainmhithe a mharú go daonnachtúil.

LÉIRIÚ AMHARCLANNAÍOCHTA

Tá údarú ag teastáil ó dhuine atá páirteach i léiriú amharclannaíochta nó cleachtadh nó léiriúchán scannáin, faoi alt 2 d'Acht na nArm Tine, 1925, chun arm tine nó armlón a shealbhú, a úsáid nó a iompar. Féadfar go gceadóidh an ceannfort áitiúil den cheantar ina mbeidh léiriúcháin den chineál sin ar siúl an t-údarú.

AINMHITHE A CHÓIREÁIL

Faoi alt 1 d'Acht na nArm Tine, 1925 arna leasú, breathnaítear ar threalamh chun ainmhithe a shuaimhniú, cosúil le gunnaí sámhaithe agus séidphíopaí, mar airm thine choiscthe. D'fhéadfaí go mbreathnófaí ar airm thine agus armlón den chineál sin a choinneáil ar mhaithe le hainmhithe a chóireáil mar 'chúis mhaith' agus na hairm thine agus armlón á n-údarú. De ghnáth, ba cheart do dhuine eisiúna údarú chun airm thine den chineál sin a shealbhú a dheonú dóibh siúd a bhfuil gá proifisiúnta acu na hairm thine sin a bheith acu agus iad ag obair. Is samplaí de na daoine seo iad feirmeoirí fia agus foireann zú.

BAILITHEOIRÍ

Tá airm thine sheanda díolmhaithe ó fhorálacha Achtanna na nArm Tine ar an gcoinníoll go gcoinnítear iad mar ornáid nó seandacht. Ceal míniú ar cad is arm tine 'seanda' ann, cuireann an Rannán Balaistíochta ag Ceanncheathrú an Gharda Síochána an riail '*Pre Unitary Cartridge*' i bhfeidhm agus is cosúil go bhfuil sé seo ag teacht le caighdeáin idirnáisiúnta. Is éard is armlón cartús aonadach ná cartús, a dhéantar as miotal de ghnáth, agus ina bhfuil an prímeár — an tiomántán agus an piléar laistigh de. Níl cóipeanna nua-aimseartha d'airm thine sheanda díolmhaithe ó reachtaíocht arm tine.

Anois is arís, beidh daoine ag iarraidh arm tine seanda a cheannach, nó ceann atá luachmhar a cheannach mar gheall ar a thábhacht stairiúil, mar infheistiú amháin. D'fhéadfaí go mbreathnófaí air seo mar 'chúis mhaith', ag féachaint do na cúinsí ar fad, agus más féidir an t-arm tine a scaoileadh, beidh deimhniú arm tine de dhíth do na hairm thine sin.

Ráiteas Misin / Mission Statement

Seirbhísí gairmiúla póilínachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastaláimid
To deliver professional policing and security services with the trust, confidence and support of the people we serve

AIRM THINE LE hAGHAIDH COSAINT PHEARSANTA

Is feidhm an Gharda Síochána é beatha agus maoin a chosaint, agus níl sibhialtaigh i dteideal ach forneart réasúnacha a úsáid chun iad féin agus a maoin a chosaint. Is é an éifeacht chomhcheangailte de seo nach bhfuil údar ag sibhialtaigh a bheith ag iarraidh arm tine a shealbhú chun críocha cosaint phearsanta agus cosaint mhaoine. Agus iarratas ar dheimhniú arm tine á mheas, níor cheart do cheannfort nó ardcheannfort tagairt do chosaint phearsanta a chur san áireamh mar chuid de 'chúis mhaith'. Ba cheart go mbeadh duine eisiúna sásta gur fíor an chúis mhaith a luaigh an t-iarratasóir agus nach bhfuil cúis eile aige/aici an t-arm tine áirithe sin a shealbhú.

SEALGAIREACHT

Raidhfilí — Sealgaireacht Fia

De ghnáth, is raidhfilí aonurchair nó oibriú-bolta iad na raidhfilí seo, raidhfilí de chalabraí idir .243 orlach (6mm) agus .308 orlach (7.6mm) san áireamh. De ghnáth, bíonn toilleadh piléarlainne beag acu, i.e. níos lú ná 5 urchar. Ó thaobh fia a sheilg de, níl raidhfilí ionsaithe nó raidhfilí ar nós sin níos éifeachtaí ná raidhfilí aonurchair nó oibriú-bolta. Ba cheart do dhaoine eisiúna bheith an-chúramach a chinntiú nach gceadófar ach na raidhfilí den chalabra ceart, i.e. de chalabra os cionn .225 orlach (5.7mm), le haghaidh fia a mharú mar níl raidhfilí de chalabraí níos lú cumhachtach go leor chun na críche sin, agus féadfar go bhfulaingeoide na hainmhithe gan ghá dá bharr.

Raidhfilí — Sionnaigh a chuileáil

Úsáidtear raidhfilí láradhainte de chalabraí .220 orlach (5.6mm) nó .223 orlach (5.7mm) go forleathan anois le haghaidh sionnaigh a chuileáil. Chun iad a úsáid go sábháilte, ní mór don lámhachóir leibhéal níos airde scile a bheith aige/aici agus níos mó freagrachta a ghlacadh. Tá raidhfilí den chineál sin níos oiriúnaí don ardchríoch, áit a bhfuil sé níos éasca cúlstopanna nádúrtha cnoic a aimsiú. Má úsáidtear iad ar thalamh íseal nó san oíche, féadfar go gcuirfear an pobal nó beostoc i mbaol. Ní spórt é sionnaigh a scaoileadh agus mar sin, féadfar nach 'cúis mhaith' arm tine a shealbhú é sionnaigh a chuileáil i gceantair nach bhfuil siad ag cur isteach ar fheirmeoireacht. De ghnáth, is raidhfilí oibriú-bolta den chineál sealgaireachta iad raidhfilí lárhuailte a úsáidtear le haghaidh sionnaigh a chuileáil.

Raidhfilí - Coiníní srl.

Is iad raidhfilí aonurchair oibriú-bolta nó raidhfilí leathuathoibríoch de chalabra imeall-lámhaigh .22 orlach (5.5mm) (.22 orlach ar fad agus raidhfil .22 orlach ar fad) na raidhfilí is oiriúnaí do choiníní a scaoileadh.

Ráiteas Misin / Mission Statement

Seirbhís gairmiúla póilínachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastaláimid
To deliver professional policing and security services with the trust, confidence and support of the people we serve

AGUISÍN A: DAOINE GAN TEIDEAL ACU ARM TINE A BHEITH AR SEILBH ACU

I measc na ndaoine gan teideal deimhniú arm tine a bheith ina seilbh acu, faoi alt 8 d'Acht na nArm Tine, 1925 arna leasú le halt 37 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006, tá na daoine seo a leanas:

- (a) Aon duine faoi bhun 16 bliana d'aois.

Ní bheidh sé dleathach d'aon duine arm tine a dhíol le haon duine atá níos óige ná 18 bliain d'aois cé gur féidir leis an duine sin ceadúnas a fháil i leith an airm thine má tá sé/sí níos sine ná 16 bliana d'aois. I gcás iarratasóra atá níos óige ná 18 bliain d'aois, áfach, rachaidh toiliú i scríbhinn ó thuismitheoir nó caomhnóir an iarratasóra in éindí le hiarratas ar dheimhniú arm tine. Atreoraíonn Ionstraim Reachtuil Uimh. 493 de 2010.

- (b) Aon duine atá tugtha don ól srl. -

Nuair a dhéanann siad cinneadh maidir le deimhniú arm tine a dheonú nó a athnuachan, is féidir le ceannfort nó ardcheannfort an Gharda Síochána eolas atá ar fáil maidir leis an méid alcóil a ólann an duine nó substaintí cosúil le drugaí a úsáideann an duine a chur san áireamh má tá seans ann go gcuirfí isteach ar a gcumas arm tine a shealbhú agus a úsáid go sábháilte. Ní mór gach cás a mheas ar a chuid buanna agus de réir na gcúinsí aonair.

De ghnáth, ba cheart go mbeadh patrún iompraíochta ann ar cúis inní é, ach ní hé sin le rá nach féidir tarlú aonuaire amhras a chaitheamh ar chumas duine airm thine a shealbhú. D'fhéadfaí go dtacódh an cás cúirte i Sasana Lubboch v Chief Constable of Lothian and Borders (2001), inar rialaigh an sirriam go raibh údar le deimhniú arm tine agus gránghunna a chúlghairm i ndiaidh cás amháin tiomána ar meisce mar gheall ar mheon an duine i leith an chiona.

I measc na gcúinsí eile a d'fhéadfadh cúnaimh a thabhairt agus cinneadh á dhéanamh maidir le daoine a bhfuil andúil acu, tá fianaise ar iompraíocht ionsaitheach nó fhrithshóisialta, lena n-áirítear achrainn sa bhaile, nó fianaise ar naimhdeas a bhféadfadh foréigean eascairt as. Arís, ní mór measúnú a dhéanamh bunaithe ar chúinsí an cháis ar leith, go háirithe maidir le tromchúis na dtarluithe aonair.

Féadfar go mbreathnófar ar chúinsí cosúil le fianaise ar iompraíocht inmíoch agus neamhghnách, atá ina cúis le hamhras maidir le an féidir leis an duine aonair an t-arm tine a bhainistiú go sábháilte, mar shuntasach chomh maith. Ba cheart go mbreathnófaí ar phatrún iompraíochta mar níos dáiríre ná tarlú amháin, ach níor cheart go ndéanfaí neamhaird de tharluithe ar leith agus measúnú á dhéanamh ar an duine agus a gcumas arm tine a shealbhú. (Nuair a dhéanann siad cinneadh maidir le deimhniú arm tine a dheonú nó a athnuachan, is féidir le ceannfort nó ardcheannfort an Gharda Síochána tagairt a dhéanamh don chreidiúint réasúnach atá acu maidir le an gcuirfí an méid alcóil a ólann an duine nó substaintí cosúil le drugaí a úsáideann an duine isteach ar a gcumas arm tine a shealbhú agus a úsáid go sábháilte.

(c) Aon duine mímhéabhrach –

Is ceist an-íogair í seo agus ní féidir comhairle a thabhairt maidir le gach cás a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn an phróisis déanta cinní. De ghnáth, ba cheart go mbeadh daoine eisiúna san airdeall ar chásanna ina dtugann tuarascáil an liachleachtóra le fios gur léirigh iarratasóir, nó tá sé/sí ag léiriú, comharthaí de dhúlagar, claontaí féinmharfacha, tréimhsí fadtéarmacha nó eadrannacha d'éagobhsaíocht mhothúchánach nó iompraíocht chorrach. Ba cheart go mbeadh daoine eisiúna san airdeall ar aon cheann de na comharthaí sin a léiríonn sealbhóirí reatha deimhnithe.

D'aireofaí leis seo daoine a coinníodh faoin gcumhacht shibhialta de na hAchtanna Meabhair-Shláinte mar chuir a n-iompraíocht an pobal i mbaol. Ba cheart a chuimhneamh, má bhfuair duine cóir leighis san am atá thart do thinnis nó fadhb shláinte, cosúil le dúlagar agus strus, nach gciallaíonn sé seo nach bhfuil an duine ábalta arm tine a shealbhú. Tá sé ar cheann de na ceisteanna ar cheart a chur san áireamh in éineacht leis an bhfianaise uile a bhaineann le cúlra agus carachtar an iarratasóra. Sna cásanna sin, ba cheart an tuairim leighis is déanaí a chur san áireamh.

(d) Aon duine ar cuireadh pianbhreith phríosúnachta air/uirthi mar gheall ar

–

- (i) Cion faoi Achtanna na nArm Tine, 1925 go 2009, na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit, 1939 go 1998, nó an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005, nó
- (ii) Cion faoin dlí i Stát eile a bhaineann le harm tine a tharraingt nó a úsáid, agus nach bhfuil an phianbhreith in éag nó chuaigh sí in éag laistigh de na cúig bliana roimhe sin.

(e) Aon duine ar ceanglaíodh cúirtbhanna air/uirthi chun an tsíocháin a choinneáil nó a bheith dea-iomprach, agus is coinníoll den chúirtbhanna sin nach sealbhóidh, úsáidfidh nó iompróidh an duine aon arm tine nó armlón, agus

(f) Aon duine nach bhfuil cónaí air/uirthi sa Stát de ghnáth (seachas duine a chónaíonn anseo go sealadach) ar feadh tréimhse sé mhí sula gcuireann sé/sí isteach ar dheimhniú arm tine.

AGUISÍN B: FIOSRUITHE LEIGHIS AGUS MOLTÓIRÍ

TOILIÚ LE FIOSRUITHE LEIGHIS

Is príomhcheist don Gharda Síochána é oiriúnacht chun deimhniú arm tine a shealbhú ó thaobh na sláinte de, ach ní mór a rá nach mbainfidh sé seo le formhór na sealbhóirí ceadúnas arm tine. Níor cheart dul i dteagmháil le liachleachtóir ginearálta nó liachleachtóir eile an iarratasóra mar ghnáthnós, ach is faoin gceannfort nó ardcheannfort a mheasann an t-iarratas cinneadh a dhéanamh. Is cion é faoi alt 3A d'Acht na nArm Tine, 1925 arna leasú, do dhuine faisnéis bhréige nó mhíthreorach a thabhairt go feasach i leith iarratais ar dheimhniú arm tine. Bhainfeadh sé seo le haon ráiteas bréagach a thabharfá agus ceisteanna leighis á bhfreagairt ar an bhfoirm iarratais. Ní mór a rá go bhfuil an t-iarratasóir freagrach as na tuarascálacha ábhartha leighis uile a chur ar fáil má iarrtar orthu amhlaidh a dhéanamh ag ceannfort nó ardcheannfort eisiúna atá i mbun a bhfeidhmeanna faoin alt seo.

Féadfar go n-iarrfaidh ceannfort nó ardcheannfort eisiúna an Gharda Síochána comhairle ó Oifigeach Leighis an Gharda Síochána mura bhfuil an fhaisnéis leighis a tugadh sothuigthe, nó mura bhfuil tábhacht na faisnéise ó thaobh airm thine a shealbhú soiléir. Ba cheart d'oifigeach atá údaraithe i gceart an bhreith chríochnaitheach a dhéanamh maidir le oiriúnacht an iarratasóra, cibé acu ar bhonn leighis nó eile, mar is iondúil.

Níl toiliú an iarratasóra teoranta ag am. Tá sé de rogha ag an nGarda Síochána, mar sin, dul i dteagmháil le liachleachtóir ginearálta nó proifisiúnach leighis eile uair ar bith le linn shaolré an deimhnithe má tá aon údar inní ann maidir le an bhfuil an t-iarratasóir fós oiriúnach ó thaobh airm thine a shealbhú.

EOLAS MAIDIR LE MOLTÓIRÍ

De réir an dlí, is faoin nGarda Síochána nó, ar achomharc, na Cúirteanna atá sé breithiúnas a dhéanamh maidir le an bhfuil duine oiriúnach d'arm tine a bheith aige/aici. Is é feidhm an mholtóra eolas agus tuairimí a thabhairt ar féidir leis an nGarda Síochána iad a chur san áireamh agus an breithiúnas sin á dhéanamh. Ba cheart gur daoine fásta freagracha iad moltóirí agus go mbeidís ina gcónaí sa Stát. Ós rud é go bhfuil dhá mholtóir de dhíth, d'fhéadfaí go mbeadh sé cuí go mbeadh aithne ag na moltóirí ar an iarratasóir i gcomhthéacsanna difriúla. Mar shampla, moltóir amháin a bhfuil aithne mhaith aige/aici ar an iarratasóir, cosúil le garghaol; agus moltóir eile nach garghaol é/í, cé go bhfuil aithne aige/aici ar an iarratasóir ar feadh cúig bliana ar a laghad i

gcomhthéacs oibre nó sóisialta. I gcás iarratasóra nach bhfuil cónaí air/uirthi sa Stát le tamall réasúnta fada, is leor moltóir ar féidir leis/léi léiriú go bhfuil aithne aige/aici ar an iarratasóir agus atá inghlactha don Gharda Síochána. Ní mór gur duine dea-charachtar é/í an moltóir agus go bhfuil sé neamhspleách ón bpróiseas deimhniúcháin.

Tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil aithne mhaith go leor ag gach moltóir ar an iarratasóir, mar shampla go raibh an moltóir i dteagmháil leis an iarratasóir go rialta le

Ráiteas Misin / Mission Statement

Seirbhísí gairmiúla póilíneachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfeastaláimid
To deliver professional policing and security services with the trust, confidence and support of the people we serve

thart ar chúig bliana, cibé acu i gcomhthéacs proifisiúnta, gnó nó sóisialta. Ní gá, ar ndóigh, go bhfuil moltóirí ar an eolas faoi airm thine nó spóirt lámhaigh, ach ba cheart go mbeidís ábalta barúil a thabhairt maidir le cúlra agus carachtar an iarratasóra go ginearálta agus d'fhéadfaí go measfaidh duine eisiúna gur cheart go mbeadh moltóir níos sine ná 18 bliain d'aois.

Tá sé de rogha ag an nGarda Síochána teagmháil a dhéanamh le haon mholtóir ainmnithe chun faisnéis a tugadh ar an bhfoirm teistiméireachta, nó aon ábhair eile a bhaineann leis an iarratas, a phlé. Má cheapann duine eisiúna nach bhfuil an moltóir sásúil, féadfar go n-iarrfar ar an iarratasóir duine eile a ainmniú le bheith ina m(h)oltóir, mar shampla b'fhéidir go gcomhlíonann duine na riachtanais le bheith ina m(h)oltóir ach nach bhfuil aithne mhaith go leor aige/aici ar an iarratasóir chun teistiméireacht fheasach a thabhairt.

Ráiteas Misin / Mission Statement

**Seirbhísí gairmiúla póilíneachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastalaímid
To deliver professional policing and security services with the trust, confidence and support of the people we serve**

AGUISÍN C: AIRM THINE A STÓRÁIL GO SÁBHÁILTE

AIRM THINE ATÁ I SEILBH DHLÍTHIÚIL A STÓRÁIL GO SÁBHÁILTE

Is é ceann de na príomhchuspóirí coinníollacha a fhorchur agus deimhnithe arm tine á ndeonú ná chun a chinntiú go gcoimeádfar na hairm thine go sábháilte i gcónaí. Ar mhaithe le sábháilteacht phoiblí nó an tsíocháin, féadfar go gceanglóidh ceannfort nó ard-cheannfort aon choinníoll réasúnach a mheasann an duine eisiúna sin go bhfuil gá leis.

Beidh leibhéil dhifriúla slándála de dhíth ag brath ar an gcineál agus líon arm tine atá i seilbh duine aonair. De ghnáth, áfach, ba cheart gach arm tine a shealbhú laistigh d'fhoirgnimh atá daingean ó thaobh struchtúir de, caibinéid slándála arm tine atá saintógtha nó seomraí gunna. Níor cheart go bhfágfaí airm thine nó armlón, i gcás ar bith, fiú amháin ar feadh tréimhsí gearra ama, in áitribh shealadacha (pubaill, carbháin srl) nó feithiclí nach bhfuil aon duine ag faire orthu mar níl siad daingean.

Tarraingítear aird ar Ionstraim Reachtúil Uimh. 307 de 2009: Ord Arm Tine (Cóiríocht Dhaingnithe), 2009 a shainmhíonann an leibhéal íosta slándála atá riachtanach chun airm thine a stóráil. Is léir ón ionstraim reachtúil seo nach riachtanas uathoibríoch é go soláthródh sealbhóir de ghránghunna amháin neamhshrianta taisceadán gunna don arm tine sin, ach is féidir le ceannfort coinníoll a cheangal má cheapann sé/sí, i gcúinsí an cháis sin, go bhfuil sé riachtanach ar mhaithe le sábháilteacht phoiblí agus an tsíocháin. Leagann an Ionstraim Reachtúil amach an méid seo a leanas:

- (1) Gránghunna amháin neamhshrianta: Déanfar an gránghunna a dhíchóimeáil agus déanfar gach páirt a stóráil go daingean agus ar leithligh fad nach bhfuil an gránghunna á úsáid. Déanfar an cumhdach truicir a stóráil, ionas nach n-úsáidfear é, trí ghlas truicir cuí a úsáid.
- (2) Arm tine amháin srianta, nó trí arm tine neamhshrianta nó níos lú: Déanfar gach arm tine a stóráil go daingean i dtaisceadán gunna a chomhlíonann an caighdeán BS 7558, agus déanfar é a fheistiú go daingean do struchtúr láidir.
- (3) Dhá arm tine srianta, nó, níos mó ná trí arm tine neamhshrianta: Déanfar gach arm tine a stóráil i dtaisceadán gunna a chomhlíonann an caighdeán BS 7558, agus déanfar é a fheistiú go daingean do struchtúr láidir. Beidh aláram curtha isteach san áit ina stórálfar na hairm thine agus déanfar glais a chomhlíonann BS 3621 a fheistiú do na doirse seachtracha don áit sin.
- (4) Trí arm tine srianta nó níos mó, nó sé arm tine d'aon chineál nó níos mó a choinnítear san áit chéanna: Anuas ar na caighdeáin atá sonraithe ag

Ráiteas Misin / Mission Statement

Seirbhísí gairmiúla póilíneachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastalaímid
To deliver professional policing and security services with the trust, confidence and support of the people we serve

uimhir thagartha 3, cuirfear córas aláráim bhuirgléireachta isteach san áit ina stórálfar na hairm thine. Déanfaidh suiteálaithe atá ceadúnaithe ag an Údarás um Shlándaíl Phríobháideach an córas a shuiteáil agus a chothabháil. Comhlíonfaidh an córas IS EN 50131 nó caighdeán comhionann atá faofa ag Coimisinéir an Gharda Síochána.

Ceanglófar an t-aláram le seirbhís monatóireacht arna oibriú ag duine atá ceadúnaithe ag an Údarás um Shlándaíl Phríobháideach agus arna tacú le háiseanna taca comharthaíochta a oibríonn trí sheirbhís teileafóin mhóibílí GSM.

COMHSHEILBH NÓ COMHCHEADÚNÚ

Má tá arm tine i gcomhsheilbh, nó má tá deimhniú arm tine ag beirt nó níos mó i leith an airm thine chéanna, bainfidh na coinníollacha agus riachtanais chéanna a bhaineann i gcás úinéireacht aonair leis an mbeirt úinéirí agus sealbhóirí deimhnithe má bheartaíonn siad araon an t-arm tine a stóráil. Ciallaíonn sé seo, mar shampla, nach mór don duine eisiúna bheith sásta go bhfuil stóráil dhaingean ar fáil i ngach áitreabh nó áit eile ina stórálfar an t-arm tine.

Féadfar go bhforchuirfidh ceannfort nó ardcheannfort aon choinníoll a mheasann sé/sí go bhfuil siad riachtanach ar mhaithe le sábháilteacht phoiblí mar is iondúil, ag féachaint do chúinsí na beirte comhshealbhóirí nó iarratasóirí ar dheimhniú.

Ráiteas Misin / Mission Statement

Seirbhísí gairmiúla póilíneachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastalaímid
To deliver professional policing and security services with the trust, confidence and support of the people we serve

AGUISÍN D: ÚDARUITHE FAOI ACHTANNA NA nARM TINE

ÚDARUITHE

Féadfar go ndeonóidh ceannfort Garda údarú, faoi Achtanna na nArm Tine 1925 go 2009, arm tine nó armlón a shealbhú, a úsáid nó a iompar i gcásanna áirithe atá liostáilte. Tarraingítear aird ach go háirithe d'alt 2(4) d'Acht na nArm Tine, 1925 arna leasú. Leagann an t-alt seo amach na cúinsí inar féidir le ceannfort údaruithe a thabhairt le haghaidh ócáidí nó imeachtaí den chineál sin atá leagtha amach sa mhír. Áirítear leis seo láithreacha millíní péinte, gailearaithe lámhaigh, léiriúcháin amharclannaíochta, agus an tús de rásaí lúthchleasaíochta. Is féidir le ceannfort leas a bhaint as alt 2(4)(d) den Acht 1925 chun imeachtaí cosúil le himeachtaí ag club capaillíní nó imeachtaí peantatlain a údarú. Fanann na húdaruithe seo i bhfeidhm ar feadh tréimhse nó tréimhsí nach bhfuil níos faide ná bliain amháin, agus is féidir leis an duine eisiúna aon choinníoll a cheangal, coinníollacha a mheasann sé/sí go bhfuil siad riachtanach chun a áirithiú nach gcuirfear an tsábháilteacht phoiblí nó an tsíocháin i mbaol de bharr an t-údarú a dheonú.

Déantar foráil le halt 9B d'Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach, 1990, arna chur isteach ag alt 40 den Acht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009, gur féidir le ceannfort údarú a thabhairt i scríbhinn maidir le hairm thine réalaíochta bhréige, – ar a dtugtar 'Airsoft', a shealbhú, a úsáid agus a iompar - in áit shonraithe, agus arís ar feadh tréimhse nó tréimhsí nach bhfuil níos faide ná bliain amháin. Ní mór go bhfuil an ceannfort sásta nach gcuirfear an tsábháilteacht phoiblí ná an tsíocháin i mbaol de bharr an údaraithe sin, agus is féidir leis/léi aon choinníoll a fhorchur, a shonrófar san údarú, a mheastar go bhfuil siad riachtanach chun baol don phobal a chosc.

AIRM THINE DHÍGHNÍOMHACHTAITHE

Is féidir airm thine dhíghníomhachtaithe, nach féidir iad a scaoileadh, a choinneáil le húdarú i scríbhinn ón gceannfort áitiúil faoi alt 6 d'Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach, 1990, arna leasú. Tarraingítear aird do Rialachán AE 2015/2403 a tháinig i bhfeidhm ar 8 Aibreán 2016. Ba cheart a thabhairt faoi deara go ndearnadh an Rialúchán seo a leasú chun na modhanna nuashonraithe díghníomhachtúcháin a chur san áireamh, agus tháinig sé seo i bhfeidhm ar 20 Meitheamh 2018. Éilítear leis an rialachán anois go ndéanfar airm thine dhíghníomhachtaithe a dhíghníomhachtú ar dtús de réir na gcaighdeán íosta teicniúil sula gcuireann iarratasóir iarratas ar údarú isteach chuig a c(h)eannfort áitiúil faoi alt 6 den Acht 1990. Ar bhealach simplí, ní mór go gcomhlíonann gach arm tine, a rinneadh é a dhíghníomhachtú i ndiaidh 8 Aibreán 2016 ionas go gcoinneofar é ar údarú ó cheannfort, téarmaí de Rialachán AE 2015/2403. Áirítear leis seo go gcuirfear an t-arm tine as feidhm de réir caighdeán íosta, go gcuirfear marcáil uathúil chomónta ar an arm tine agus go mbeidh deimhniú díghníomhachtúcháin ó 'údarás fíorúcháin' in éineacht leis an arm tine.

NÓTA: Ní bhaineann na bearta nua seo le hairm thine a rinneadh iad a dhíghníomhachtú roimh 8 Aibreán 2016 agus atá údaraithe faoi alt 6 den Acht 1990, ach amháin má chuirtear ar an margadh lena ndíol iad nó má tá úinéir nua i ndiaidh 8 Aibreán 2016.

Ráiteas Misin / Mission Statement

Seirbhísí gairmiúla póilínachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastaláimid
To deliver professional policing and security services with the trust, confidence and support of the people we serve

GUNNAÍ CLUB/RAOIN

Éilítear le halt 4A d'Acht na nArm Tine, 1925, arna chur isteach ag alt 33 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006, go n-údarófar gach club piostail agus raidhfil agus raon lámhaigh ag an gceannfort áitiúil. Roimhe seo, bhí cásanna ann inar thug roinnt ceannfort cead do chlubanna agus raonta 'gunnaí club/raoin' a shealbhú gan deimhniú faoin údarú raoin nó club. Déantar gach údarú club piostail agus raidhfil agus údarú raoin a dheonú faoi alt 4A den Acht 1925, mar a leagadh amach roimhe seo. Anuas air sin, ní bheidh 'gunnaí club/raoin' ina n-airm thine shrianta, faoi alt 2(6) d'Acht na nArm Tine, 1925, arna leasú ag alt 26 den Acht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009. Ba cheart do cheannfoirt eisiúna a chinntiú go bhfuil socraithe sásúla slándála i bhfeidhm maidir le stóráil shábháilte na n-arm tine sin ag raon lámhaigh nó áit oiriúnach eile.

TOSTÓIRÍ/CIÚNADÓIRÍ/TREORACHA TEILEASCÓPACHA - TREOIRLÍNTE MAIDIR LENA N-ÚSÁID

TOSTÓIRÍ

Faoi alt 1 d'Acht na nArm Tine, 1925 arna leasú ag alt 26 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006, sainmhínítear tostóirí mar airm thine. Sainmhíneann Ionstraim Reachtúil Uimh. 21 de 2008: Ord Arm Tine (Airm Thine agus Armlón Srianta) 2008, arna leasú, tostóirí mar:

'Aon ghléas atá feistithe nó ar féidir' é a fheistiú do na hairm thine chun an torann a mhaolú nó a laghdú nuair a scaoiltear'.

De ghnáth, ní gá deimhniú a fháil le haghaidh tostóirí. Ní mór do cheannfort an Gharda Síochána tostóir a údarú faoi alt 7 d'Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach, 1990, áfach, ar an gcoinníoll go bhfuil deimhniú arm tine don arm tine a bhfeisteoidh an tostóir dó i seilbh ag an iarratasóir agus gur léirigh sé/sí don duine eisiúna go bhfuil 'cúis mhaith' aige/aici an tostóir a fháil.

Déanfar iarratais ar údarú do thostóirí le haghaidh airm thine neamhshrianta a chur isteach chuig ceannfort den cheantar ina bhfuil cónaí ar an iarratasóir. Rinne Coimisinéir an Gharda Síochána, faoi alt 25C d'Acht na nArm Tine, 1925, a fheidhmeanna maidir le hairm thine shrianta a tharmligean chuig comhaltaí den Gharda Síochána ag céim an ardcheannfoirt. Dá réir sin, i gcás iarratais ar thostóir a shainmhínítear mar airm thine shrianta, déanfar an t-iarratas seo a chur isteach chuig an ardcheannfort den rannán agus beidh deimhniú ag teastáil i leith an tostóra. Nuair atá tostóir údaraithe d'arm tine ar leith, ba cheart é seo a thaifeadadh ar an deimhniú arm tine nó a chur in iúl trí 'S' a chur ar an deimhniú arm tine atá ar nós cárta creidmheasa.

Tá sé mar aidhm ag tostóirí bloc an airm thine a laghdú chun suíomh an lámhachóra a cheilt, agus chun an aisléim a laghdú. De ghnáth, úsáidtear tostóirí le raidhfilí imeall-lámhaigh de chalabra .22 nuair a scaoiltear coiníní, mar shampla. Tugann sé seo deis

don lámhachóir ainmhithe eile nach bhfuil scanraithe ag blocs íseal an raidhfil a scaoileadh. Féadfar nach mbainfidh an t-údar seo i gcás ainmhithe eile nach bhfuil chomh líonmhar ná chomh sochaideartha, cosúil le sionnaigh.

Tá úsáid tostóirí ar raidhfilí le haghaidh fia a sheilg ag éirí níos coitianta le déanaí. I measc na mbuntáistí a bhaineann le tostóirí a úsáid chun na críche sin, tugann an laghdú ar aisléim deis don lámhachóir an targaí a aimsiú agus laghdaíonn sé seo an baol go gcúbfar agus go dteithfidh an grúpa ainmhithe i ndiaidh na chéad urchar. Ní mór cothromaíocht a aimsiú, áfach, idir na buntáistí sin agus sábháilteacht daoine eile (lámhachóirí eile, siúlóirí, foraoiseoirí, feirmeoirí). Is buntáiste é do na daoine eile blocs soiléir inchloiste raidhfil a chloisteáil (in áit an bhloisc níos ísle a bhíonn ann nuair a úsáidtear tostóir), agus ar an mbealach sin tuigeann siad cén treo ina bhfuil an t-ábhar contúirte go ginearálta.

Is mian le níos mó lámhachóirí anois tostóirí a úsáid ar raidhfilí i raonta údaraithe lámhaigh le haghaidh cleachtas targaíde. Is é an t-aon bhuntáiste sa chás sin laghdú ar 'truailiú ó thorann'. Ós rud é gur féidir cluaschosaint chuí a chaitheamh chun cosaint in aghaidh thorann an bhloisc ó roinnt raidhfilí go sásúil, ní mór na míbhuntáistí a bhaineann le tostóir a úsáid a mheas i gcomparáid leis an mbuntáiste sin. I ndeireadh na dála, is faoin duine eisiúna atá sé é/í féin a shásamh gur léirigh gach iarratasóir 'cúis mhaith' agus iad ag iarraidh cead a fháil do thostóir le haghaidh a n-arm tine.

TREORACHA TEILEASCÓPACHA

Faoi Acht na nArm Tine 1925 go 2009, áirítear leis an sainmhíniú ar arm tine chomh maith:

'treoracha teileascópacha le ga solais, nó treoracha teileascópacha le gléas leictreonach aimplithe nó gléas infridhearg atá deartha lena bhfeistiú d'arm tine...' Is féidir gléasanna den chineál sin a chur sna trí chatagóir leathana seo a leanas, agus ní mór go mbeadh an duine eisiúna sásta gur léirigh an t-iarratasóir 'cúis mhaith' an treoir a fháil:

- (i) Treoir Ghníomhach Oíche — cuireann an gléas seo ga solas dofheicthe amach a shoilsiú rudaí agus thabharfadh sé cúnaimh rudaí a aithint.
- (ii) Treoir Éighníomhach Oíche — ní chuireann an gléas seo aon gha amach ach soilsiú sé aon solas timpeallach atá ann (ó réalta nó an ghealach) agus cuireann sé ar chumas lámhachóirí rudaí a aithint.
- (iii) Treoir Íomháithe Theirmigh — deighleann an gléas seo an síniú teasa a thugann rudaí teo uathu agus cuireann sé ar chumas lámhachóirí rudaí a aithint.

Má tá iarratasóir ag cur isteach ar dheimhniú arm tine nó athnuachan, ba cheart go gcuirfí san áireamh leis an iarratas sin cibé acu an bhfuil tostóir nó treoracha teileascópacha á lorg don arm tine áirithe sin. Má chuirtear iarratas ar thostóir nó treoir theileascópach isteach ina dhiaidh sin, beidh ar an iarratasóir iarratas a dhéanamh arís ar fhoirm nua iarratais FCA1 agus beidh gá ann an táille iomlán de €80 a íoc má éiríonn leis an iarratas. Mar sin tá sé thar a bheith tábhachtach, más infheidhmithe, go gcinntíonn iarratasóirí nua nó iarratasóirí atá ag cur isteach chun a ndeimhniú arm tine

Ráiteas Misin / Mission Statement

Seirbhísí gairmiúla póilínachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastalaimid
To deliver professional policing and security services with the trust, confidence and support of the people we serve

a athnuachan go ndéantar tagairt do thostóir/treoir theileascópach ar a bhfoirm iarratais/athnuachana. Ní mór go bhfuil sonraí maidir le húdarú an tostóra don arm tine ar gach deimhniú arm tine a chuimsíonn údarú chun tostóir a shealbhú, tríd an litir 'S' a chur ar an gcárta arm tine.

AGUISÍN E: MALARTUITHE & DIÚSCAIRT ARM TINE

MALARTUITHE

Déantar foráil le halt 11 d'Acht na nArm Tine, 1964 arna leasú, gur féidir deimhniú arm tine a mhalartú, i gcás airm thine shrianta agus neamhshrianta. De ghnáth, rinneadh iarratais a chur isteach chuig an nGarda Síochána chun arm tine amháin a mhalartú ar arm tine comhionann eile ionas gur féidir le húinéirí arm tine a n-arm tine a mhalartú ar dhéanamh agus múnla den chineál céanna má tá, mar shampla, an t-arm tine bunaidh briste nó níl sé ag obair a thuilleadh.

Ba cheart a thabhairt faoi deara gurb é an duine eisiúna a dhéanann an cinneadh agus déantar gach iarratas chun arm tine a mhalartú ar cheann eile a mheas ar a chuid buanna aonair. De ghnáth, ba cheart don Gharda Síochána an próiseas a chur i gcric laistigh d'achar ama réasúnach de 14 lá, ach féadfar go mairfidh an próiseas níos faide má shocraíonn an duine eisiúna go bhfuil gá le fiosruithe breise a dhéanamh i dtaobh an iarratais. Ba cheart do cheannfoirt eisiúna cinntiú nach dtarlaíonn aon mhoill nach bhfuil gá leis, áfach, mura mbaineann an t-iarratas ach le harm tine a mhalartú ar cheann eile agus mura bhfuil aon athrú mór.

Ba cheart do dhuine eisiúna bheith sásta, agus iarratas ar mhalartú á mheas aige/aici, nár athraigh 'cúis mhaith' an iarratasóra chun an t-arm tine a shealbhú ó bhonn ó deonaíodh an deimhniú den chéad uair. Mar shampla, ceadaítear arm tine amháin a mhalartú ar cheann eile ar an gcoinníoll nach mbeartaíonn an t-iarratasóir fia a scaoileadh in áit, mar shampla, speicis a dhéanann dochar d'fheirmeoireacht nó gníomhaíochtaí sealgaireachta. Mar a luadh, ní mór go bhfuil an 'cúis mhaith' go hiomlán mar an gcéanna leis an gcúis sa deonú bunaidh. Má d'athraigh an 'cúis mhaith' ó bhonn beidh iarratas nua ag teastáil.

Déantar iarratas chun arm tine a mhalartú ar an ngnáthfhoirm iarratais FCA 1 agus ní bheidh táille iníoctha. Sa chás sin, ní éilítear ar an iarratasóir dul tríd an bpróiseas iomlán iarratais arís, mar shampla fiosruithe leighis, moltóirí srl. (ach amháin má tá siad difriúil ón iarratas bunaidh). Ba cheart a thabhairt faoi deara nach mbeidh an deimhniú bunaidh arm tine i bhfeidhm níos mó, ach ba cheart don sealbhóir é a scriosadh nuair a fhaigheann siad an deimhniú athraithe arm tine ar a bhfuil na sonraí faoin arm tine nua. I gcás iarratas chun arm tine srianta gearr (gunna láimhe) a mhalartú, féadfar go measfar an t-iarratas le linn shaolré an deimhniú sin. Ba cheart go dtuigfeadh iarratasóirí, áfach, go bhféadfaí nach mbeifí in ann an t-arm tine nua a athnuachan seachas má bhí deimhniú arm tine ag an iarratasóir don arm tine sin ar nó roimh 19 Samhain 2008.

NÓTA: Chun cúnamh a thabhairt d'iarratasóirí agus daoine eisiúna araon, iarrtar nach gcuirfear iarratas chun arm tine a mhalartú ar cheann eile isteach le linn na tréimhse 3 mhí roimh dháta éaga an deimhnithe reatha arm tine (mura bhfuil sé práinneach). Sa chás sin, ba cheart comhairle a chur ar gach iarratasóir a ndeimhniú arm tine reatha a athnuachan ar dtús agus, i ndiaidh dheireadh an phróisis sin, iarratas a chur isteach ar an malartú. Cinnteoidh sé seo nach gcuirfear dhá iarratas dhifriúla (athnuachan agus malartú) maidir leis an deimhniú céanna isteach sa chóras PULSE ag an am céanna.

CEALAIGH/ATHRAIGH

Ba cheart an fhoirm FCA2 a úsáid chun deimhniú arm tine a chealú. Níor cheart an fhoirm seo a úsáid ach má dhíoltar arm tine, tugtar suas go buan é nó faightear réidh leis, sin nó, mar shampla, má tá sealbhóir an deimhnithe arm tine marbh.

B'fhéidir go n-athrófaí deimhniú mar gheall ar earráidí clóscríbhneoireachta, athrú seolta, srl. Níor cheart an fhoirm FCA2 a úsáid chun arm tine amháin a mhalartú ar cheann eile.

BAIRILLE SPÁRTHA/ATHSHOLÁTHAIR

Ní bheidh deimhniú ar leithligh arm tine ag teastáil le haghaidh bairille spártha nó athsholáthair, ar an gcoinníoll go bhfuil sé den chalabra céanna. Ach má tá bairille spártha nó athsholáthair le haghaidh arm tine ag teastáil ó iarratasóir, bairille a d'athródh calabra den arm tine, beidh deimhniú ar leithligh arm tine ag teastáil agus beidh an ghnáth-tháille de €80 le híoc do dheimhniú arm tine.

SCRIOSADH ARM TINE NACH bhFUIL DE DHÍTH ATÁ I SEILBH AG AN nGARDA SÍOCHÁNA

Sula nglacann an Garda Síochána le haistriú aon arm tine nó armlón ó aon duine, ba cheart toiliú úinéir an airm thine/armlóin a fháil i scríbhinn ar dtús. Go hiondúil, faightear an toiliú ón duine ar deonaíodh deimhniú arm tine dó/di maidir leis an arm tine nach bhfuil de dhíth. Tá foirm shéanta ar fáil ó Stáisiún Gharda chomh maith, foirm a shíníonn an t-úinéir arm tine chun glacadh leis go bhfuil sé/sí ag tabhairt suas an t-arm tine lena scríosadh go buan. Tá an fhoirm ar fáil do chomhaltaí an Gharda Síochána ar Thairseach na nGardaí chomh maith.

D'fhéadfaí go mbeadh cásanna ann ina n-aistrítear airm thine nó armlón don Gharda Síochána ag gaolta duine a fuair bás, duine atá leochaileach nó duine atá in ospidéal. Bhí an t-arm tine sin i seilbh ag an duine agus níl an t-arm tine de dhíth air/uirthi nó ar an teaghlach a thuilleadh. Sna cásanna sin, tá sé thar a bheith tábhachtach go bhfuil an Garda Síochána sásta gur ghlac an duine atá ag tabhairt suas an t-arm tine leis i scríbhinn go bhfuil siad ag tabhairt ar láimh go buan úinéireacht an airm thine nó armlóin agus go bhfuil cead acu ón úinéir chun é sin a dhéanamh.

Má thugtar ar láimh don Gharda Síochána arm tine lena scríosadh, déanfar an t-arm tine a scríosadh a luaithe is féidir ag déileálaí cláraithe arm tine nó duine eile údaraithe agus go ndéanfar comhalta an Gharda Síochána maoirseacht ar an scríosadh. Tá sé thar a bheith tábhachtach go ndéanfar na sonraí a thaifeadadh agus a nuashonrú ar PULSE ionas go gcoimeádtar taifid chearta i leith gach arm tine. Nuair a dhéanfar arm tine a scríosadh ina dhiaidh sin, ba cheart don Gharda Síochána an duine a thug suas an t-arm tine don Gharda Síochána a chur ar an eolas i scríbhinn maidir leis an scríosadh.

Má dhiúltaítear d'iarratas ar dheimhniú arm tine nó ar dheimhniú a athnuachan ach má tá an t-arm tine sin fós i seilbh ag an duine, ní mór an t-arm tine sin a thabhairt ar láimh don Gharda Síochána nó a thabhairt suas do dhéileálaí cláraithe arm tine. Má dhéanann duine cinneadh ina dhiaidh sin chun achomharc a dhéanamh, (faoi alt 15A d'Acht na

Ráiteas Misin / Mission Statement

Seirbhísí gairmiúla póilíneachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastalaímid
To deliver professional policing and security services with the trust, confidence and support of the people we serve

nArm Tine 1925 arna chur isteach ag alt 43 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006), in aghaidh cinneadh duine eisiúna diúltú do dheimhniú arm tine nó athnuachan a dheonú, ní mór an t-arm tine a thabhairt ar lámh do dhéileálaí cláraithe arm tine lena stóráil go dtí go gcuirfear an t-achomharc sin i gcrích, mar atá leagtha amach. Mura ndéantar é seo, féadfar go mbeidh arm tine neamhcheadúnaithe i seilbh an duine sin.

Má thugann sealbhóir ceadúnais arm tine arm tine ar lámh do dhéileálaí cláraithe arm tine chun é a dhíol nó a easpórtáil thar lear, ba cheart don úinéir an t-oifigeach áitiúil arm tine nó comhalta eile den Gharda Síochána a chur ar an eolas maidir leis seo, agus ba cheart taifid a nuashonrú ar an gcóras PULSE.

CONCLUÍD

Pléann na treoirlínte seo ceisteanna a bhaineann le hiarratais ar dheimhnithe arm tine agus athnuachaintí agus údaruithe a eisítear faoin reachtaíocht, de réir mar atá i bhfeidhm faoi láthair. De réir mar a chuirtear tús le reachtaíocht bhreise a bhaineann le ceadúnú arm tine, beidh gá ann na treoirlínte a nuashonrú agus a athrú chun aon chásdlí ábhartha nó nua a chur san áireamh.

Luadh cheana féin gur doiciméad 'Dea-Chleachtas' é seo. Is féidir le hardcheannfoirt agus ceannfoirt dul i muinín an doiciméid seo agus iarratais ar dheimhnithe arm tine á measúnú acu laistigh dá Rannáin nó Ceantair faoi seach, agus breathnaítear air mar dhoiciméad a chabhraíonn le cur i bhfeidhm Achtanna na nArm Tine.

Ráiteas Misin / Mission Statement

Seirbhísí gairmiúla póilíneachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastalaímid
To deliver professional policing and security services with the trust, confidence and support of the people we serve